European Asylum Support Office

Clár oibre EASO 2016

Meán Fómhair 2015

SUPPORT IS OUR MISSION

European Asylum Support Office

Clár oibre EASO 2016

Meán Fómhair 2015

SUPPORT IS OUR MISSION

Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach

Uimhir shaorghlao (*):

00 800 6 7 8 9 10 11

(*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an idirlíon (http://europa.eu).

Print ISBN 978-92-9243-535-6 doi:10.2847/19670 BZ-AC-15-001-GA-C
PDF ISBN 978-92-9243-570-7 ISSN 1977-7337 doi:10.2847/484064 BZ-AC-15-001-GA-N

© An Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn, 2015

Ní féidir freagracht a chur ar EASO nó duine ar bith ag gníomhú ar a shon i ndáil leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá cuimsithe anseo.

Clár oibre EASO 2016

1. Na tosaíochtaí atá ag EASO don bhliain 2016 5

1.1. Réamhrá 5

1.2. An misean atá ag EASO 6

1.3. Prionsabail EASO 7

1.4. Príomhtháscaire feidhmíochta EASO 7

1.5. Na tosaíochtaí atá ag EASO don bhliain 2016 7

2. Tacaíocht bhuan 9

2.1. Oiliúint EASO 9

2.2. Tacaíocht cháilíochta 11

2.3. Faisnéis faoin tír thionscnaimh 13

2.4. Comhar le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí 15

2.5. Gníomhaíochtaí EASO ar ghrúpaí leochaileacha 16

2.6. Tionscadal ar bhailiú faisnéise ar an bhfeiniméan a bhaineann le gluaiseachtaí tánaisteacha a éascú le linn an phróisis um chinntí tearmainn sa Ghearmáin agus sa tSualainn 17

3. Tacaíocht oibríochta 18

3.1. Tacaíocht oibríochta 18

3.2. An díorma um idirghabháil tearmainn 20

3.3. Liosta EASO de theangacha a bhfuil fáil orthu 21

3.4. Gníomhaíochtaí comhphróiseála 22

3.5. Réitigh theicniúla le haghaidh córas tearmainn agus fáiltithe 23

3.6. Tacaíocht ar fháiltiú 24

3.7. Athshuíomh 25

3.8. Filleadh agus lánpháirtíocht 26

4. Tacaíocht faisnéise agus anailíse 28

4.1. Córas faisnéise agus cáipéisíochta 28

4.2. Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE 29

4.3. Córas luathrabhaidh agus ullmhachta 30

5. An ghné sheachtrach 32

5.1. Tacaíocht tríú tír 32

5.2. Athshocrú 34

6. Clár cothrománach 35

6.1. Líonra Bhaile Átha Cliath 35

7. Líonra comhair agus eagrúchán inmheánach EASO 36

7.1. Líonra comhair EASO 36

7.1.1. Comhar leis an gCoimisiún Eorpach, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa 36

7.1.2. Comhar le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile 37

7.1.3. Comhar le gníomhaireachtaí AE agus le gníomhaireachtaí de chuid na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile 37

7.1.4. Comhar leis an lucht léinn agus le comhaltaí binsí agus cúirteanna 38

7.2. An fóram comhchomhairleach 39

7.3. Struchtúr eagrúcháin EASO in 2016 41

7.4. Cumarsáid EASO 42

7.5. Riarachán EASO 44

7.5.1. Forbhreathnú foirne agus buiséid EASO do 2016 44

Liosta giorrúchán 48

Iarscríbhinní 49

Liosta táscach EASO de nósanna imeachta soláthair phoiblí in 2016 49

Liosta EASO d'fhoilseacháin agus d'aistriúcháin in 2016 53

1. Na tosaíochtaí atá ag EASO don bhliain 2016

1.1. Réamhrá

Le blianta beaga anuas, tá céimeanna tábhachtacha chun tosaigh tógtha maidir leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn (CEAS) a fhorbairt, agus é mar aidhm leis cur leis na hionstraimí beartais, dlí, agus tacaíochta airgeadais atá ann i réimse an tearmainn.

Sa dara céim den CEAS, soláthraítear in ionstraimí AE an bunús dlí le haghaidh comhchuibhithe níos fearr agus socraítear iontu caighdeáin cháilíochta níos airde, lena n-áirithítear stádais aonfhoirmeacha, dea-dhálaí cosanta coiteanna agus gnéithe coiteanna i measc nósanna imeachta tearmainn dóibh siúd a dteastaíonn cosaint idirnáisiúnta uathu. Ina theannta sin, sna treoirlínte straitéiseacha le haghaidh breis forbartha ar réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile a ghlac an Chomhairle Eorpach i Meitheamh 2014 ([1]), sainítear na tosaíochtaí agus na cuspóirí sa réimse sin agus éilítear ról níos láidre don Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO), go háirithe maidir le feidhmiú comhleanúnach an *acquis* a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, sainaithnítear sna teachtaireachtaí ón gComhairle dar teideal *An open and secure Europe: making it happen [Eoraip atá oscailte agus slán: á cur ar bun]* ([2]) agus *On the work of the Task Force Mediterranean [Ar an obair a dhéanann Tascfhórsa na Meánmhara]* ([3]), bearta ábhartha i réimsí freagrachta EASO. Ar deireadh, is sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil nua don tréimhse 2014-2020 (MFF), lena n-áirítear an Ciste nua um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF), a sholáthraítear an bonn do thacaíocht airgeadais AE ar chúrsaí tearmainn, lena n-áirítear leithdháiltí ar Ghníomhaireachtaí de chuid AE.

I ndiaidh na n-eachtraí tragóideacha a bhí ann i réigiún na Meánmhara le déanaí, chuir an Coimisinéir um Ghnóthaí baile agus saoránacht Avramopoulos plean 10 bpointe i láthair ag comhchruinniú na n-airí gnóthaí eachtracha agus baile an 20 Aibreán, áit ar leagadh amach na bearta láithreacha a dhéanfaí chun freagairt don ghéarchéim i réigiún na Meánmhara. D'eisigh an Chomhairle Eorpach ráiteas an 23 Aibreán ([4]) inar leagadh amach bearta éagsúla — ar bhain roinnt díobh le EASO — arbh é ab aidhm dóibh tuilleadh básanna duine ar muir a chosc agus dul i ngleic le bunchúiseanna na héigeandála daonna atá roimh AE faoi láthair. Eisíodh Rún ó Pharlaimint na hEorpa cúpla lá ina dhiaidh sin ([5]). Ghlac an Coimisiún Eorpach an clár oibre eorpach don imirce ([6]) an 13 Bealtaine, rud ina leagtar amach sraith beart ba cheart don Aontas Eorpach a dhéanamh d'fhonn cur chuige comhleanúnach cuimsitheach a fhorbairt ar mhaithe le leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann leis an imirce agus ar mhaithe le dul i ngleic leis na dúshláin a ghabhann léi. Ina theannta sin, liostaítear roinnt gníomhaíochtaí breise do EASO sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an agus an Meitheamh agus sna conclúidí ó chruinniú na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile an 20 Iúil, lena n-áirítear 40 000 iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta ón nGréig agus ón Iodáil a athshuí ar bhonn éigeandála, fáiltiú agus athlonnú 20 000 duine a dteastaíonn cosaint uathu a bhunú, saoráidí céadfháiltithe a bhunú sna Ballstáit túslíne le tacaíocht ghníomhach ó shaineolaithe na mBallstát agus ó EASO, agus comhordú a dhéanamh ar chur chun feidhme na bhforálacha maidir le "tír thionscnaimh shábháilte" atá sa Treoir um Nósanna Imeachta Tearmainn. Beidh ról méadaithe ag EASO i bhfaireachán a dhéanamh ar CEAS, i líonra nuathiomnaithe údarás fáiltithe a bhunú, i dtreoirthionscadal ar fháiltiú comhroinnte, i gcritéir cháilíochta a fhorbairt d'ionaid fáiltithe i gcomhar leis an gCoimisiún, i dteach imréitigh a bhunú d'fhaisnéis náisiúnta faoin tír thionscnaimh, i líonra a bhunú i mBaile Átha Cliath d'fhonn cumarsáid agus comhordú a éascú idir aonaid i mBaile Átha Cliath agus saincheisteanna a bhaineann le Baile Átha Cliath, agus i dtionscadal leis an nGearmáin agus leis an tSualainn maidir le feiniméan na ngluaiseachtaí tánaisteacha.

([1]) http://www.consilium.europa.eu/uedocs/cms_Data/docs/pressdata/en/ec/143478.pdf.

([2]) COM(2014) 154 final http://ec.europa.eu/dgs/home-affairs/e-library/documents/basic-documents/docs/an_open_and_secure_europe_-_making_it_happen_en.pdf.

([3]) COM(2013) 869 final http://ec.europa.eu/dgs/home-affairs/what-is-new/news/news/docs/20131204_communication_on_the_work_of_the_task_force_mediterranean_en.pdf.

([4]) Cruinniú speisialta na Comhairle Eorpaí, an 23 Aibreán 2015 — ráiteas: http://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2015/04/23-special-euco-statement/. Cuimsítear sa chuid sin den Chlár Oibre Eorpach don Imirce na tionscnaimh atá ar áireamh sa Treochlár a chuir an Coimisiún i láthair mar bheart leantach ar an Ráiteas ón gComhairle Eorpach an 23 Aibreán. Déantar tuilleadh forbartha ar na tionscnaimh inti freisin.

([5]) http://www.europarl.europa.eu/oeil/popups/ficheprocedure.do?lang=en&reference=2015/2660 (RSP).

([6]) COM (2015) 240 final.

Sa chomhthéacs sin, leanfaidh EASO ar aghaidh in 2016 leis an ról lárnach atá aici mar lárionad saineolais ar chúrsaí tearmainn in AE. Tacóidh an Ghníomhaireacht le Ballstáit agus le tíortha gaolmhara atá páirteach in EASO ([7]), mar aon le hInstitiúidí AE, na cuspóirí sin a bhaint amach trí ardbhearta comhair phraiticiúil, trí shaineolas, trí anailís choiteann, trí staidéir agus trí ionchur beartais fianaisebhunaithe.

Leagtar amach i gclár oibre bliantúil EASO na tosaíochtaí, na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí a bheidh le comhlíonadh ag EASO ar aon dul leis na dualgais atá leagtha uirthi. Sa chlár oibre, aistrítear straitéis na heagraíochta ina cuspóirí bliantúla agus soláthraítear an bonn don phleanáil bhuiséadach ghníomhaíochtbhunaithe a dhéantar gach bliain.

Tá clár oibre 2016 dréachtaithe faoi chuimsiú an chreata ghinearálta arna bhunú i gclár oibre ilbhliantúil EASO 2016-2018, rud ina gcuimsítear comhthéacs straitéiseach agus cuspóirí EASO don tréimhse sin. Foráiltear leis an gcáipéis seo do na gníomhaíochtaí a bhfuil na meastacháin ioncaim agus chaiteachais agus an plean bunaithe ullmhaithe ar a mbonn.

Tá clár oibre 2016 struchtúrtha ina shé rannán ina sainítear príomhréimsí oibre EASO, is iad sin: tacaíocht bhuan; tacaíocht oibríochta; faisnéis agus anailís; an ghné sheachtrach; agus líonra comhair agus eagrúchán inmheánach EASO. Is mar Iarscríbhinní leis an gclár oibre atá liostaí táscacha de nósanna imeachta um sholáthar poiblí agus d'fhoilseacháin agus d'aistriúcháin ionchorpraithe.

Is ionann clár oibre EASO 2016 agus an creatchinneadh maoiniúcháin le haghaidh na gníomhaíochtaí sainaitheanta a chur chun feidhme. Soláthraítear ann do gach gníomhaíocht táscairí feidhmíochta, amlíne tháscach agus na hacmhainní daonna agus airgeadais atá leithdháilte.

Mar sin féin, i bhfianaise chineál oibre EASO agus an ghá atá ann le freagairt ar bhealach tráthúil agus réamhghníomhach do chásanna, do chúinsí agus do thosaíochtaí a bhíonn ag athrú, tugann an Bord Bainistíochta údarás don Stiúrthóir Feidhmiúcháin athruithe a chinneadh ar chlár oibre 2016, lena n-áirítear na himpleachtaí airgeadais atá aige, agus an tsolúbthacht atá de dhíth a choinneáil chun freagairt mar is cuí do na cásanna sin a bhíonn ag athrú. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin atá freagrach go fóill as an gclár oibre a chur chun feidhme.

Agus an cháipéis seo á dréachtú, chuathas i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach, le gníomhaireachtaí um cheartas agus um ghnóthaí baile agus le fóram comhchomhairleach EASO. Fuarthas ionchuir maidir le struchtúr an chláir oibre ón gCoimisiún Eorpach, ó eagraíochtaí difriúla sochaí sibhialta (an Institiúid Idirnáisiúnta um an Dlí Daonnúil, Fóir ar na Páistí, *Evangelische Kirche in Deutschland*, Forum *Réfugiés-Cosi*, an Cumann Eorpach um chearta an duine a chosaint, an Chomhairleacht maidir le taighde tearmainn agus comhairle na hÍsiltíre do dhídeanaithe) agus ó ghníomhaireachtaí um cheartas agus um ghnóthaí baile. A mhéid ab fhéidir é, cuireadh gach tuairim san áireamh go cuí agus an clár oibre á ullmhú.

Nuair a bheidh clár oibre 2016 á gcur chun feidhme, cuirfear san áireamh freisin na torthaí agus na moltaí a tháinig as an meastóireacht sheachtrach a rinneadh in 2014 agus in 2015.

Mar gheall ar an iomad athruithe atá tagtha chun cinn le roinnt míonna anuas, agus mar gheall ar an iomad impleachtaí atá acu sin do EASO agus ar na cúraimí breise atá uirthi dá mbarr, táthar ag súil go mbeidh méadú ann ar acmhainní airgeadais agus daonna EASO i mbuiséad leasaithe AE do 2016 ionas go mbeidh an ghníomhaireacht in ann freastal ar na cúraimí breise atá uirthi. Ionchorpraítear sa téacs seo gach ceann de na gníomhaíochtaí breise a leagadh ar EASO, ach ní léirítear ann ach an staid reatha ó thaobh acmhainní airgeadais de ([8]). Má dheimhnítear na hathruithe ar dóigh dóibh bheith ann ar acmhainní airgeadais agus daonna, is amhlaidh go nglacfar leagan nua de chlár oibre EASO 2016.

Ghlac an Bord Bainistíochta an clár oibre seo an 24 Meán Fómhair faoi réir tuairim dhearfach a fháil ón gCoimisiún Eorpach. Fuarthas an tuairim ón gCoimisiún Eorpach an 30 Meán Fómhair 2015. Tá an clár oibre seo ag teacht leis an tuairim sin.

1.2. An misean atá ag EASO

Is é an misean atá ag EASO, mar lárionad saineolais neamhspleách ar chúrsaí tearmainn, cuidiú le CEAS a chur chun feidhme agus a fhorbairt trí thacaíocht a chur ar fáil agus trí chomhar praiticiúil a éascú, a chomhordú agus a neartú i measc na dtíortha AE+.

([7]) Chun críche na cáipéise seo, is mar "tíortha AE+" a thagraítear go comhpháirteach do Bhallstáit AE agus do na tíortha gaolmhara atá páirteach in EASO.

([8]) COM(2015)300 — Meitheamh 2015.

1.3. Prionsabail EASO

Agus an misean atá aici á chomhlíonadh aici, cloíonn EASO leis na prionsabail seo a leanas:

- tacaíocht chuimsitheach thráthúil a chur ar fáil do Bhallstáit nuair a iarrtar í;
- cáilíocht agus éifeachtúlacht chórais tearmainn agus fáiltithe na mBallstát a mhéadú;
- gníomhú mar lárionad saineolais atá neamhspleách agus neamhchlaon;
- sonraí, anailís agus measúnachtaí atá cruinn agus cothrom le dáta a chur ar fáil ar chúrsaí tearmainn;
- tacú leis na Ballstáit glacadh lena gcuid freagrachtaí i réimse an tearmainn agus dlúthpháirtíocht a thaispeáint le Ballstáit a bhfuil a gcórais tearmainn faoi bhrú;
- comhbhearta comhair phraiticiúil agus bearta coiteanna comhair phraiticiúil a éascú agus a spreagadh i réimse an tearmainn, agus muinín fhrithpháirteach i measc na mBallstát á cothú ag an am céanna;
- ionchur fianaisebhunaithe a chur ar fáil ar chúrsaí tearmainn do lucht déanta beartas AE;
- comhar a dhéanamh le hinstitiúidí AE, le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí AE, le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus leis an tsochaí shibhialta.

1.4. Príomhtháscaire feidhmíochta EASO

Léirítear i bpríomhtháscaire feidhmíochta foriomlán EASO an cumas atá ag an ngníomhaireacht na cuspóirí atá leagtha amach sa chlár oibre bliantúil a chomhlíonadh.

Dá bhrí sin, léirítear príomhtháscaire feidhmíochta EASO i dtáscaire cáilíochta a fhéachann leis an tionchar atá ag tacaíocht EASO ar chur chun feidhme comhleanúnach CEAS a thaispeáint, agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh:

- na cúraimí a leagtar síos sa rialachán maidir le EASO, in *acquis* athmhúnlaithe AE maidir le tearmann, agus i gcáipéisí gaolmhara eile ón Aontas Eorpach, agus an dul chun cinn arna dhéanamh ag EASO ar ghníomhaíochtaí a chur chun feidhme chun na cúraimí sin a chomhlíonadh;
- na hiarratais arna ndéanamh ag na tíortha AE+, ag an gCoimisiún Eorpach, ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, ag Parlaimint na hEorpa agus ag institiúidí, ag gníomhaireachtaí agus ag comhlachtaí eile de chuid AE gníomhaíochtaí breise EASO a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhonn tacú le cur chun feidhme CEAS;
- na tuairimí meastóireachta ar obair EASO arna dtabhairt ag na tíortha AE+, ag an gCoimisiún Eorpach, ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, ag Parlaimint na hEorpa agus ag institiúidí, ag gníomhaireachtaí agus ag comhlachtaí eile de chuid AE agus ag comhpháirtithe eile de chuid EASO.

Sainaithnítear sa chlár oibre roinnt cuspóirí sonracha atá struchtúrtha de réir na bprionsabal SMART ("sonrach, intomhaiste, indéanta, réalaíoch, agus faoi cheangal ama"). D'fhonn feidhmíocht EASO a thomhas, forbraítear táscairí do gach cuspóir mar aon leis an aschur agus leis an bhfráma ama ar dóigh dóibh bheith i gceist.

1.5. Na tosaíochtaí atá ag EASO don bhliain 2016

In 2016, díreoidh EASO ar rannchuidiú a dhéanamh maidir le *acquis* athmhúnlaithe AE maidir le tearmann a chur chun feidhme go héifeachtach, go comhleanúnach, go comhsheasmhach agus go praiticiúil, ar aon dul leis an gclár oibre Eorpach don imirce agus leis na conclúidí ábhartha ón gCoimisiún Eorpach agus leis na rúin ábhartha ó Pharlaimint na hEorpa atá luaite i rannán 1.1. Gné thábhachtach den CEAS a fhorbairt tuilleadh is ea dóthain acmhainne i gcórais tearmainn náisiúnta na dtíortha AE+. Agus í ar an lárionad saineolais ar chúrsaí tearmainn in AE, beidh ról níos lárnaí ag EASO sna bearta tógáil acmhainne sin a chomhordú trí ghníomhaíochtaí saincheaptha tacaíochta oibríochta agus comhair phraiticiúil, lena n-áirítear oiliúint, faisnéis faoin tír thionscnaimh agus gníomhaíochtaí ar cháilíocht, tacaíocht d'athlonnú daoine ón Iodáil agus ón nGréig agus athshuíomh éigeandála daoine ón Iodáil agus ón nGréig a chomhordú faoi Airteagal 78(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Cuirfidh EASO leis an acmhainn atá aici faisnéis agus cáipéisíocht a bhailiú agus a mhalartú ar chórais tearmainn, chomh maith lena Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS). Déanfaidh EASO iarracht freisin tacú leis an ngné sheachtrach den CEAS i gcomhréir le straitéis gné seachtraí EASO, i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach agus faoi chuimsiú bheartas AE um chaidreamh seachtrach.

Eagróidh EASO ardghníomhaíochtaí comhair phraiticiúil do thíortha AE+, don Choimisiún Eorpach agus do pháirtithe leasmhara eile. Áireofar leis na gníomhaíochtaí comhair phraiticiúil comhdhálacha, ceardlanna, cruinnithe saineolaithe

agus líonraí speisialta d'fhonn plé agus beart a dhéanamh ar shaincheisteanna éagsúla atá ábhartha ar fud AE i réimse an tearmainn (e.g. ar bheartais, cur chun feidhme dhlí tearmainn AE, cúrsaí i dtíortha tionscnaimh, dea-chleachtais, sruthanna éigeandála, etc.). Déanfaidh EASO cuíchóiriú ar an modheolaíocht agus ar na gníomhaíochtaí d'fhonn comhar praiticiúil a chur chun cinn i réimse an tearmainn. Neartóidh EASO sineirgí ar leibhéal cothrománach i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile dá líonra comhair. Chomh maith leis sin, forbróidh EASO a córas ceisteanna d'fhonn dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le beartais agus le cleachtais maidir le feidhmiú CEAS. Déanfar tuilleadh iarrachtaí ról éifeachtach a thabhairt don tsochaí shibhialta agus réim chumarsáid sheachtrach EASO a mhéadú.

Tá breisluach ar fud AE le sonrú cheana féin de bharr na dtáirgí, na ngníomhaíochtaí agus na gclár atá ag EASO faoi láthair. Dá bhrí sin, déanfaidh EASO comhdhlúthú agus tuilleadh forbartha ar na gníomhaíochtaí lárnacha atá ar bun aici faoi láthair, ach cuirfear gníomhaíochtaí nua chun cinn trí chur chuige céim ar chéim.

Na cuspóirí atá ag EASO don bhliain 2016

- Páirt a ghlacadh i gcur chuige nua na bpríomhláithreacha fáiltithe.
- Tacú le hathlonnú 20 000 duine a dteastaíonn cosaint uathu agus comhordú a dhéanamh ar na bearta athshuímh a comhaontaíodh ar leibhéal AE, amhail athshuíomh 40 000 duine ón Iodáil agus ón nGréig.
- Cur chun feidhme na bhforálacha maidir le "tír thionscnaimh shábháilte" atá sa Treoir um Nósanna Imeachta Tearmainn a chomhordú bunaithe ar an treochlár arna bhunú ag an gCoimisiún.
- Ról na comhoiliúna agus na forbartha gairmiúla a neartú i réimse an tearmainn.
- Feabhas a chur ar cháilíocht na bpróiseas agus na gcinntí tearmainn.
- Tuilleadh faisnéise coitinne faoin tír thionscnaimh (COI) a tháirgeadh agus úsáid na faisnéise sin a chur chun cinn.
- Gníomhaíochtaí comhphróiseála a fhorbairt tuilleadh.
- Idirphlé breithiúnach a spreagadh i réimse an tearmainn.
- Tacú le daoine leochaileacha a shainaithint ar bhealach níos fearr.
- Faisnéis agus cáipéisíocht atá cruinn agus cothrom le dáta a bhailiú agus a mhalartú ar fheidhmiú CEAS, agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) chun anailís a dhéanamh ar threochtaí.
- Comhar a dhéanamh ar phróiseas faireacháin córasach nua a fhorbairt le haghaidh chur chun feidhme CEAS.
- Cur chun feidhme a dhéanamh ar an tionscadal ar fheiniméan na ngluaiseachtaí tánaisteacha chuig an nGearmáin agus chuig an tSualainn.
- Tacaíocht oibríochta atá tráthúil agus cuimsitheach a chur ar fáil do na Ballstáit.
- Dálaí fáiltithe leordhóthanacha agus bearta lánpháirtíochta leordhóthanacha a chur chun cinn.
- Sineirgí a chothú idir cleachtais imirce agus cleachtais tearmainn, lena n-áirítear iarrthóirí tearmainn ar diúltaíodh dá n-iarratas a fhilleadh ar ais.
- Tacú leis an ngné sheachtrach den CEAS.
- Rannpháirtíocht na mball de líonra EASO a chur chun cinn i bpríomh-shaincheisteanna ar leibhéal straitéiseach agus cothrománach.

2. Tacaíocht bhuan

2.1. Oiliúint EASO

Cuspóir(í) EASO	Is é an aidhm atá ag EASO tacú le tíortha AE+ forbairt a dhéanamh ar an eolas, ar na scileanna agus ar na hinniúlachtaí atá ag a bhfoireann atá freagrach as cúrsaí tearmainn trí oiliúint cháilíochtúil choiteann. Cuidíonn oiliúint EASO le CEAS a chur chun feidhme trí thacú le leibhéal cáilíochta coiteann a bhunú ar fud AE. Chuige sin, leanann EASO cur chuige dhá rian: ar thaobh amháin, forbraíonn EASO ábhar oiliúna cuí agus, ar an taobh eile, eagraíonn sí oiliúint atá bunaithe ar chóras "oiliúint don oiliúnóir". Cuirfidh EASO leis an úsáid a bhaintear as an teicneolaíocht nua-aimseartha, as uirlisí oiliúna nuálacha agus as modheolaíochtaí teagaisc agus forbróidh sí uirlisí oiliúna nua a bheidh bunaithe ar ábhair reatha, ar féidir iad a chur in oiriúint do riachtanais shonracha na dtíortha AE+. Go háirithe, críochnóidh EASO ascnamh a chórais ríomhfhoghlama ina réiteach úrnua; beidh an réiteach sin níos láidre fós agus beifear in ann é a úsáid chun freastal ar líon méadaitheach na rannpháirtithe i seisiún oiliúna. Beidh uirlisí nua ag gabháil leis freisin chun na modheolaíochtaí oiliúna a fhorbairt. Leanfaidh EASO de bheith ag obair ar dheimhniú Eorpach a áirithiú le haghaidh churaclam oiliúna EASO chun tacú le tíortha AE+ a chinntiú go mbeidh na daoine atá freagrach as cúrsaí tearmainn oilte de réir mar a cheanglaítear le forálacha na Treorach um Nósanna Imeachta Tearmainn (APD) agus go mbeidh dóthain eolais agus scileanna acu. Deimhneofar curaclam oiliúna EASO gan dochar do chórais náisiúnta ná do nósanna imeachta náisiúnta. Oibreoidh EASO i gcomhar le gníomhaireachtaí eile de chuid AE, go háirithe Frontex, Gníomhaireacht AE um Chearta Bunúsacha (FRA) agus CEPOL, i réimse na hoiliúna. Chuige sin, beidh baint ag EASO go fóill le hoiliúint théamach choiteann a fhorbairt, a nuashonrú agus a sholáthar, amhail cearta bunúsacha agus gáinneáil ar dhaoine. I ndlúthchomhar le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), tabharfar aird chuí ar shaincheisteanna a bhaineann le daoine leochaileacha, le féiniúlacht inscne agus le gnéaschlaonadh. Leanfaidh EASO ar aghaidh lena chinntiú go ndéanfar topaicí a bhaineann le hinscne agus le leanaí a chuíchóiriú ar fud na n-ábhar oiliúna dá cuid. Déanfaidh EASO measúnacht ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí oiliúna EASO, agus ar a éifeachtaí a bhíonn siad, sna tíortha AE+. Forbrófar uirlisí oiliúna nua, cuirfear na córais deimhniúcháin agus chreidiúnúcháin le haghaidh churaclam oiliúna EASO chun feidhme agus déanfar iniúchadh ar an gcáilíocht earnála idirnáisiúnta.
Nua in 2016	Críochnóidh EASO ascnamh an chórais ríomhfhoghlama ina réiteach nua. Cuirfidh EASO tús leis an bpróiseas um meastóireacht agus um measúnacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí oiliúna EASO, agus ar a éifeachtaí a bhíonn siad, sna tíortha AE+. Forbrófar uirlisí oiliúna nua agus bunófar an córas deimhniúcháin ag an am céanna.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
12 sheisiún oiliúna don oiliúnóir ar a laghad de chuid EASO a sholáthar.	R1-R4	Líon na seisiún oiliúna don oiliúnóir arna soláthar. Líon na n-oiliúnóirí arna n-oiliúint. Leibhéal sástachta na n-oiliúnaithe.
Dhá sheisiún réigiúnacha oiliúna don oiliúnóir ar a laghad a sholáthar.	R1-R4	Líon na seisiún oiliúna don oiliúnóir arna soláthar. Líon na n-oiliúnóirí arna n-oiliúint. Leibhéal sástachta na n-oiliúnaithe.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Saintacaíocht a chur ar fáil do thíortha AE+ maidir le hoiliúint EASO a chur chun feidhme ar leibhéal náisiúnta.	R1-R4	Líon na mball foirne náisiúnta arna n-oiliúint. Líon na seisiún oiliúna náisiúnta arna riar ag EASO ar a ardán ríomhfhoghlama. Líon na modúl aistrithe arna gcur chun feidhme ar ardán ríomhfhoghlama EASO.
Trí mhodúl ar a laghad a athbhreithniú, agus anailís á déanamh ar na riachtanais atá ann maidir lena nuashonrú agus/nó lena n-uasghrádú.	R1-R4	Líon na n-athbhreithnithe. Líon na nuashonruithe modúil/na n-uasghráduithe modúil arna dtionscnamh. Líon na nuashonruithe modúil/na n-uasghráduithe modúil arna gcur chun feidhme ar an ardán oiliúna ríomhfhoghlama. Líon na dtuarascálacha maidir le nuashonrú modúil/le huasghrádú modúil.
Modúl oiliúna amháin nó uirlis oiliúna amháin eile ar a laghad a fhorbairt, rud ar féidir é a chur in oiriúint do riachtanais shonracha na dtíortha AE+.	R1-R4	Líon na modúl oiliúna nó na n-uirlisí oiliúna arna dtionscnamh. Líon na modúl nó na n-uirlisí arna bhforbairt agus arna gcur ar fáil do thíortha AE+.
Cruinniú bliantúil de chuid líonra na n-oiliúnóirí a eagrú.	R3-R4	Líon na n-oiliúnóirí i láthair ag an gcruinniú. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe.
Dhá chruinniú de chuid na bpointí teagmhála náisiúnta a eagrú ar oiliúint EASO.	R2, R4	Líon na rannpháirtithe i láthair ag cruinniú na bpointí teagmhála náisiúnta. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Cruinniú bliantúil de chuid grúpa tagartha a eagrú.	R4	Líon na rannpháirtithe i láthair ag an gcruinniú. Úsáid an aschuir ón gcruinniú.
Dhá lámhleabhar ar a laghad um oiliúint EASO a fhorbairt.	R1-R4	Líon na lámhleabhar um oiliúint EASO arna dtionscnamh. Líon na lámhleabhar um oiliúint EASO arna gcur ar fáil do thíortha AE+.
Ascnamh an réitigh ríomhfhoghlama agus na gcúrsaí reatha a chríochnú.	R1-R4	An t-ardán ríomhfhoghlama nua a bheith i mbun feidhme. Líon na gcúrsaí reatha atá ar fáil ar an ardán ríomhfhoghlama nua.
Feabhas a chur ar an oiliúint reatha sa chóras bailithe sonraí (cró oiliúna) agus tuarascáil oiliúna bhliantúil a fhoilsiú ar an dóigh a n-úsáidtear oiliúint EASO ar leibhéal AE agus ar leibhéal náisiúnta.	R1-R4	Bunachar sonraí oiliúna a bheith uasghrádaithe. Tuarascáil oiliúna bhliantúil a bheith foilsithe. Úsáid an aschuir ón anailís ar an oiliúint reatha.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Deimhniú agus creidiúnú churaclam oiliúna EASO a chur chun feidhme tuilleadh, lena n-áirítear dhá chruinniú ar a laghad de chuid grúpa oibre um dheimhniú agus um chreidiúnú a eagrú.	R1-R4	Líon na gcruinnithe saineolaithe arna n-eagrú. Torthaí foghlama a fhorbairt i ngach modúl i gcuraclam oiliúna EASO. Tuairisceoirí ar leibhéal an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí (EQF) a nascadh le gach modúl i gcuraclam oiliúna EASO.
Tús a chur leis an bpróiseas um meastóireacht agus um measúnacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí oiliúna EASO, agus ar a éifeachtaí a bhíonn siad, i dtíortha AE+.	R1-R4	Modheolaíocht measúnachta tionchair a bheith glactha. Nósanna imeachta um meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí oiliúna a bheith glactha.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3201 Oiliúint: EUR 1 300 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad oiliúna, cáilíochta agus saineolais 5 AD, 0.2 AST, 3 CA	

2.2. Tacaíocht cháilíochta

Cuspóir(í) EASO	I gcomhréir leis an aidhm fhoriomlán atá aige tacú leis na Ballstáit caighdeáin choiteanna a bhaint amach laistigh den Chomhchóras Eorpach Tearmainn (CEAS), leanfaidh EASO ar aghaidh lena ghníomhaíochtaí comhair phraiticiúil faoi phróiseas maitrís cháilíochta EASO. Cuimsítear i bpróiseas maitrís cháilíochta EASO na príomhghnéithe den CEAS trí chleachtais reatha na mBallstát a mhapáil agus ansin trí shraith táirgí insoláthartha idirghaolmhara a fhorbairt (cruinnithe téamacha agus tuarascálacha, uirlisí praiticiúla, liosta de thionscadail agus de thionscnaimh). Go háirithe, leanfaidh EASO ar aghaidh le huirlisí praiticiúla coiteanna agus le treoracha praiticiúla coiteanna a fhorbairt, bunaithe ar riachtanais shainaitheanta, d'fhonn tacú le hobair laethúil na n-oifigeach cáis agus na spriocghrúpaí ábhartha eile. Déanfaidh EASO breithniú ar gach foinse faisnéise ábhartha le linn an phróisis sin agus d'fhéadfadh sí dul i gcomhairle, nuair is gá, le páirtithe leasmhara ábhartha, amhail eagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla, go háirithe UNHCR, an lucht léinn agus an tsochaí shibhialta.
Nua in 2016	Cuimseofar topaicí nua agus/nó topaicí níos sonraí i bpróiseas maitrís cháilíochta EASO agus soláthrófar na táirgí insoláthartha faoi seach bunaithe ar mhodheolaíocht na maitríse cáilíochta, lena n-áireofar uirlisí praiticiúla coiteanna agus treoracha praiticiúla coiteanna a fhorbairt.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Trí chruinniú théamacha de chuid EASO a eagrú ar ábhair a bhaineann go sonrach le cáilíocht nó ar ghnéithe den CEAS.	R1-R4	Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Dhá uirlis phraiticiúla ar a laghad a fhorbairt agus a fhoilsiú (e.g. treoracha praiticiúla, seicliostaí, etc.).	R1-R4	Líon na n-uirlisí praiticiúla arna bhforbairt. Líon na n-uirlisí praiticiúla arna bhfoilsiú. Úsáid na n-uirlisí cáilíochta.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Uirlisí praiticiúla, córais faireacháin ina measc, a shainaithint agus a chomhroinnt d'fhonn tacú le cáilíocht na bpróiseas um chinntí tearmainn sna Ballstáit agus le cáilíocht gnéithe eile den CEAS.	R1-R4	Líon na dtuarascálacha téamacha arna n-ullmhú. Liosta na dtionscadal agus na dtionscnamh Cáilíochta a bheith nuashonraithe. Líon na n-uirlisí agus na meicníochtaí cáilíochta arna sainaithint agus arna gcomhroinnt.
Cruinniú de chuid na bpointí teagmhála náisiúnta a eagrú ar cháilíocht.	R4	Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ón gcruinniú.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3202 Próisis cháilíochta: EUR 350 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad oiliúna, cáilíochta agus saineolais 2 AD, 0.2 AST, 1 SNE	

2.3. Faisnéis faoin tír thionscnaimh

Cuspóir(í) EASO	Is é an aidhm atá ag EASO córas cuimsitheach um fhaisnéis faoin tír thionscnaimh a fhorbairt don Aontas Eorpach, rud a bheidh dírithe ar chaighdeáin faisnéise faoin tír thionscnaimh a ardú agus a chomhchuibhiú i gcomhpháirt le tíortha AE+ agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Chuige sin, i bhfianaise na hacmhainne nach beag atá ann cheana féin in AE maidir le faisnéis faoin tír thionscnaimh a tháirgeadh, ba cheart cruthú agus comhroinnt faisnéise faoin tír thionscnaimh a chuíchóiriú agus a chomhchuibhiú tríd an gCur Chuige Líonra arna ghlacadh ag EASO. Trí líonraí speisialta, déanfaidh EASO mapáil chruinn ar na riachtanais atá ann le faisnéis faoin tír thionscnaimh ar leibhéal AE, agus í ag cuidiú le bearnaí a líonadh agus le hobair dhúbailte a sheachaint chomh maith le hiarracht a dhéanamh rochtain ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh in AE a chur ar fáil go poiblí tríd an tairseach athchóirithe um fhaisnéis faoin tír thionscnaimh. Ina theannta sin, féachfaidh EASO le tuilleadh faisnéise coitinne faoin tír thionscnaimh a tháirgeadh i gcomhar le tíortha AE+ agus le páirtithe leasmhara ábhartha, amhail eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe UNHCR, an lucht léinn agus an tsochaí shibhialta. Leanfaidh EASO ar aghaidh le treoracha agus le táirgí praiticiúla a fhorbairt do thopaicí a bhaineann go sonrach le faisnéis faoin tír thionscnaimh. Déanfar iniúchadh freisin ar an bhféidearthacht atá ann faisnéis a mhalartú faoi aistir staidéir le haghaidh faisnéis faoin tír thionscnaimh agus taithí phraiticiúil a fhorbairt chun sineirgí a chothú agus comhchuibhiú níos fearr a bhaint amach. Díreoidh EASO tuilleadh ar Chomhtháirgeadh faisnéise faoin tír thionscnaimh agus ar chóras feidhmiúil ceisteanna um fhaisnéis faoin tír thionscnaimh a bhunú, agus í ag baint leas as an gCur Chuige Líonra agus ag feabhsú eolais agus úsáid uirlisí nua i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh. Ar deireadh, leanfaidh EASO ar aghaidh in 2016 le hullmhúchán a dhéanamh don tionscadal MedCOI a ullmhú faoi 2017. Déanfaidh EASO comhordú ar chur chun feidhme na bhforálacha maidir le “tír thionscnaimh shábháilte” atá sa treoir um nósanna imeachta tearmainn.
Nua in 2016	Tairseach nua um fhaisnéis faoin tír thionscnaimh a thabhairt isteach, rud lena gcuirfear rochtain ar fáil don phobal ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh, agus feabhas a chur ar uirlisí cur i láthair agus comhair. Neartú a dhéanamh ar an ról atá ag EASO mar “teach imréitigh” i dtaca le faisnéis náisiúnta faoin tír thionscnaimh trí fheabhas a chur ar an dóigh a gcomhordaítear tionscnaimh um fhaisnéis náisiúnta faoin tír thionscnaimh a tháirgeadh, tríd an ngné Eorpach de tháirgí faisnéise náisiúnta faoin tír thionscnaimh a mhéadú trí mheicníochtaí athbhreithniúcháin EASO agus trí chomhtháirgeadh táirgí faisnéise faoin tír thionscnaimh de chuid EASO a mhéadú. Comhar a mhéadú le saineolaithe sochaí sibhialta. Deiseanna a chur ar fáil le haghaidh cleachtais náisiúnta um shainiú tíre sábháilte a chomhchuibhiú.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
An tairseach athchóirithe um fhaisnéis faoin tír thionscnaimh a thabhairt isteach, rochtain a chur ar fáil don phobal ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh in AE ó bhunachair sonraí faisnéise náisiúnta faoin tír thionscnaimh atá nasctha le chéile agus uirlisí comhair nuálacha agus modhanna cur i láthair nuálacha a chur ar fáil.	R1-R4	Líon na gcáipéisí atá nasctha leis an tairseach agus líon na gcáipéisí arna n-íoslódáil tríd an tairseach. Líon na mbunachar sonraí atá nasctha leis an tairseach. Líon na n-úsáideoirí.
Na líonraí speisialta reatha comhair phraiticiúil de chuid EASO a choinneáil ar bun ar thíortha tionscnaimh sonracha agus, bunaithe ar anailís ar riachtanais, líonraí nua a bhunú.	R1-R4	Líon na líonraí atá bunaithe agus i mbun oibre. Líon na rannpháirtithe sna líonraí. Líon na gcruinnithe. Torthaí ar na cruinnithe agus úsáid na dtorthaí.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Tuarascálacha ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh a fhorbairt, lena n-áirítear trí na líonraí reatha, bunaithe ar mhodheolaíocht EASO maidir le tuarascálacha ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh.	R1-R4	Líon agus méid na dtáirgí faisnéise faoin tír thionscnaimh arna bhforbairt. Úsáid na dtáirgí.
Cineálacha eile táirgí (e.g. modheolaíochtaí, treoracha praiticiúla) a fhorbairt ar shaincheisteanna trasnaí a bhaineann le faisnéis faoin tír thionscnaimh.	R1-R4	Líon agus raon feidhme na dtáirgí faisnéise faoin tír thionscnaimh. Úsáid na dtáirgí.
Trí chruinniú comhair phraiticiúil ar a laghad de chuid EASO a eagrú ar thopaicí sonracha agus ar thíortha tionscnaimh sonracha.	R1-R4	Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ón gcruinniú.
Dhá chruinniú ar a laghad de chuid an líonra straitéisigh um fhaisnéis faoin tír thionscnaimh a eagrú.	R2, R4	Líon na gcruinnithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Cruinniú amháin nó níos mó de chuid líonra riarthóirí na dtairseach um fhaisnéis náisiúnta faoin tír thionscnaimh agus seisiún oiliúna a eagrú.	R1-R4	Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Imeacht amháin nó níos mó a eagrú ar uirlisí nua le haghaidh taighde ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh.	R1-R4	Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
An córas ceisteanna um fhaisnéis faoin tír thionscnaimh a bhainistiú trí leas a bhaint as líonraí sonracha.	R1-R4	Líon na gceisteanna arna bhfreagairt. An mheántréimhse ama arna tógáil chun ceisteanna a fhreagairt.
Imeacht amháin nó níos mó a eagrú ar an gcoincheap a bhaineann le "tír thionscnaimh shábháilte".	R1-R4	Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Dul chun cinn ar an tionscadal MedCOI a aistriú go EASO faoi 2017.	R1-R4	Staidéar indéantachta a bheith tugtha chun críche. Cruinniú leantach ar an dul chun cinn arna dhéanamh.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3203 Faisnéis faoin tír thionscnaimh: EUR 920 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad faisnéise, cáipéisíochta agus anailíse 3 AD, 0.5 AST, 1 CA, 3 SNE	

2.4. Comhar le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí

Cuspóir(í) EASO	Leanfaidh EASO ar aghaidh lena chomhar le cúirteanna agus le binsí i dtíortha Eorpacha agus i dtíortha AE+, agus é ina chuspóir ginearálta aici cabhrú le cur chun feidhme comhleanúnach CEAS agus comhar praiticiúil a chur chun cinn i measc na dtíortha AE+ ar chúrsaí tearmainn. Tabharfar faoi ghníomhaíochtaí comhair phraiticiúil EASO i gcomhréir leis an gcreat bunaithe, agus meas iomlán á thabhairt ar neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbinsí. Áireofar le gníomhaíochtaí EASO sa réimse sin ábhair forbartha gairmiúla a ullmhú go comhpháirteach, gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla agus comhair phraiticiúil a eagrú agus a chur chun cinn, agus ardcheardlanna a eagrú i gcomhréir le modheolaíocht EASO do 2014. Agus an méid sin á dhéanamh aici, leanfaidh EASO de bheith ag oibriú i gcomhar le comhpháirtithe ábhartha sa réimse agus déanfaidh sí gach iarracht bealaí idirphlé agus malartaithe bhreithiúnaigh a éascú.
Nua in 2016	Déanfar uirlisí nua forbartha gairmiúla a cheapadh agus a chur ar fáil do chomhaltaí cúirteanna agus binsí.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Uirlis forbartha gairmiúla amháin ar a laghad a fhorbairt agus a dháileadh ar chomhaltaí cúirteanna agus binsí.	R1-R4	Líon na n-uirlisí forbartha gairmiúla arna dtionscnamh. Líon na n-uirlisí forbartha gairmiúla arna gcur ar fáil do chomhaltaí cúirteanna agus binsí.
Seisiún forbartha gairmiúla amháin ar a laghad de chuid EASO a eagrú.	R1-R4	Líon na n-imeachtaí arna n-eagrú. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe.
Comhdháil théamach a eagrú do chomhaltaí cúirteanna agus binsí.	R2-R3	Líon na rannpháirtithe. Líon na gcúirteanna agus na mbinsí rannpháirteacha. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an toraidh ar an imeacht.
Cruinniú pleanála agus comhordaithe bliantúil a eagrú.	R4	Líon na rannpháirtithe. Líon na gcúirteanna agus na mbinsí rannpháirteacha. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ón gcruinniú.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3201 Oiliúint: EUR 200 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad oiliúna, cáilíochta agus saineolais 1 AD, 1 CA, 0.2 AST	

2.5. Gníomhaíochtaí EASO ar ghrúpaí leochaileacha

Cuspóir(í) EASO	Leanfaidh EASO ar aghaidh le tacaíocht a chur ar fáil agus le comhar praiticiúil a fhorbairt i measc tíortha AE+ agus saineolaithe ábhartha eile ar shaincheisteanna a bhaineann le hiarratasóirí leochaileacha. Díreoidh EASO ar ghrúpaí leochaileacha amhail leanaí (leanaí gan tionlacan san áireamh), daoine a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine, daoine a d'fhulaing céasadh nó cineálacha eile íde a bhí cruálach agus mídhaonna, daoine atá i mbaol mar gheall ar a n-inscne, ar a bhféiniúlacht inscne nó ar a ngnéaschlaonadh agus aon ghrúpaí eile iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Agus an méid sin á dhéanamh aici, cuirfidh sí san áireamh an obair ghinearálta ar chosaint leanaí agus ar chosaint chearta an linbh arna bhforbairt ag an gCoimisiún Eorpach, go háirithe plean gníomhaíochta AE maidir le mionaoisigh gan tionlacan agus an straitéis chuimsitheach a fhorbrófar chun gabháil leis, ag FRA, ag UNHCR agus ag coiste ginearálta na Náisiún Aontaithe ar chearta an linbh, i measc comhlachtaí eile. Chomh maith leis sin, leanfaidh EASO de bheith ag tacú le straitéis AE i dtreo deireadh a chur leis an ngáinneáil ar dhaoine (2012-16) agus le cur chun feidhme comhleanúnach na straitéise sin i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le hinstitiúidí, le comhlachtaí agus le gníomhaireachtaí eile de chuid AE, Cepol, Europol, FRA agus Frontex ina measc. Díreoidh EASO ar dhul i ngleic le saincheisteanna téamacha amhail leas an linbh, measúnacht aoise agus rianú teaghlaigh mar chuid de chur chun feidhme CEAS. Déanfaidh EASO gnéithe a bhaineann le grúpaí leochaileacha a phríomhshruthú i ngach gníomhaíocht de chuid EASO. Tacóidh sé le comhleanúnachas beartais sa réimse sin freisin.
Nua in 2016	Tuilleadh athbhreithnithe agus forbartha a dhéanamh ar uirlisí EASO arb é is aidhm dóibh tacú le tíortha AE+ an CEAS a chur chun feidhme ó thaobh iarratasóirí leochaileacha de.

Feidhmíocht

Gníomhaíochtaí EASO in 2016	Cén uair	Táscairí
Comhdháil bhliantúil comhair phraiticiúil de chuid EASO a eagrú ar leanaí gan tionlacan.	R4	Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Cruinniú saineolaithe comhair phraiticiúil de chuid EASO a eagrú ar gháinneáil ar dhaoine.	R2	Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Dhá chruinniú théamacha comhair phraiticiúil ar a laghad de chuid EASO a eagrú ar thopaicí a bhaineann le grúpaí leochaileacha.	R1-R4	Líon na gcruinnithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí arna gcomhordú ag gníomhaireachtaí de chuid na Comhairle um cheartas agus um ghnóthaí baile d'fhonn gáinneáil ar dhaoine a chosc agus d'fhonn comhrac ina coinne.	R1-R4	Líon na gcomhchruinnithe ar freastalaíodh orthu. Líon na gcomhghníomhaíochtaí. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Athbhreithniú agus/nó forbairt a dhéanamh ar uirlis comhair phraiticiúil amháin ar a laghad de chuid EASO (e.g. treoracha praiticiúla, seicliostaí, ardán gréasáin) arb é is aidhm dóibh tacú le tíortha AE+ an CEAS a chur chun feidhme ó thaobh grúpaí leochaileacha de.	R1-R4	Líon na n-uirlisí comhair phraiticiúil arna dtionscnamh nó arna n-athbhreithniú. Úsáid na n-uirlisí.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3203 Próisis cháilíochta: EUR 125 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad oiliúna, cáilíochta agus saineolais 1 AD, 2 SNE, 0.4 AST	

2.6. Tionscadal ar bhailiú faisnéise ar an bhfeiniméan a bhaineann le gluaiseachtaí tánaisteacha a éascú le linn an phróisis um chinntí tearmainn sa Ghearmáin agus sa tSualainn

Cuspóir(í) EASO	D'fhonn anailís a dhéanamh ar threochtaí agus ar phróifílí, chuir EASO, i gcomhar le Frontex, le Europol agus le Eurojust, tús in 2015 le tionscadal leis an nGearmáin agus leis an tSualainn chun eolas a ghnóthú le linn an phróisis tearmainn ar an bhfeiniméan a bhaineann le gluaiseachtaí tánaisteacha a éascú. Meastar go mbeidh an tionscadal ar siúl go Deireadh Fómhair 2017.
Nua in 2016	Leanúint ar aghaidh leis an tionscadal a chur chun feidhme bunaithe ar an modheolaíocht chomhaontaithe, meastóireacht a dhéanamh ar na chéad torthaí agus, faoi dheireadh, an mhodheolaíocht a choigeartú, más gá.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Ceithre chruinniú a eagrú chun meastóireacht a dhéanamh ar na chéad torthaí ar an tionscadal, agus dhá cheann de na cruinnithe sin a bheith á n-eagrú sna Ballstáit atá páirteach.	R1-R4	Líon na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ón gcruinniú.
Leanúint ar aghaidh le bailiú sonraí.	R4	Líon na n-aistrithe sonraí.
Ceithre thuarascáil ráithiúla a fhoilsiú.	R1-R4	Líon na dtuarascálacha ráithiúla arna bhfoilsiú.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3401 Comhar le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara: EUR 10 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An oifig feidhmiúcháin 0.5 AD, 0.5 AST	

3. Tacaíocht oibríochta

3.1. Tacaíocht oibríochta

Cuspóir(í) EASO	Bunaithe ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn sna Ballstáit, déanfaidh EASO tuilleadh forbartha ar an tacaíocht oibríochta a chuireann sí ar fáil chun *acquis* AE maidir le tearmann a chur chun feidhme ina iomláine agus chun freagairt do bhrú ar leith ar a córais tearmainn agus fáiltithe. Cuirfidh EASO an tacaíocht oibríochta a chuireann sé ar fáil (tacaíocht speisialta, tacaíocht éigeandála agus tacaíocht comhphróiseála) in oiriúint do na riachtanais shonracha atá ag teacht chun cinn agus do na hiarrataí a fhaightear ó Bhallstáit. Cuirfear tacaíocht speisialta ar fáil i bhfoirm beart spriocdhírithe i mBallstáit ag a bhfuil riachtanais shainaitheanta agus shonracha áirithe a bhaineann le cur chun feidhme comhleanúnach cuimsitheach *acquis* athbhreithnithe AE maidir le tearmann (lena n-áirítear cúnamh saincheaptha, tógáil acmhainne, athshuíomh, tacaíocht shonrach agus próisis speisialta dearbhú cáilíochta). Cuirfidh EASO tacaíocht éigeandála ar fáil do thíortha AE+ atá faoi bhrú ar leith trí leas a bhaint as saineolaithe na dtíortha AE+ i bhfoirm Foirne Tacaíochta Tearmainn (ASTanna) nó trí thacaíocht eile a chur ar fáil de réir mar is gá, lena n-áirítear trí fhoirne tacaíochta comhphróiseála de réir an chláir oibre Eorpaigh don imirce agus chur chuige na bpríomhláithreacha fáiltithe a ghlactar ann. Déanfaidh EASO comhar le comhlachtaí ábhartha maidir le tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil, agus aird ar leith aige ar chomhar oibríochtúil le Frontex agus le páirtithe leasmhara eile. Ina theannta sin, déanfaidh EASO comhordú ar ghníomhaíochtaí breise comhphróiseála in 2016, gníomhaíochtaí ina mbeidh roinnt tíortha AE+ páirteach, de réir mar is cuí. Nuair is iomchuí, comhlánóidh bearta tacaíochta oibríochta EASO aon bhearta a dhéanfar faoi chuimsiú chreat mheicníocht Airteagail 33 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III.
Nua in 2016	Tacú le cur chuige na bpríomhláithreacha fáiltithe a tháinig as an gclár oibre Eorpach don imirce. Cuirfidh EASO an córas aiseolais chun feidhme do thíortha AE+ atá ag imlonnú saineolaithe agus do thíortha óstacha AE+ atá ag fáil bearta tacaíochta. Déanfaidh EASO tuilleadh forbartha ar an treoirphlean straitéiseach maidir le bearta éigeandála a úsáid i dtíortha AE+ d'fhonn rialú cáilíochta agus an tionchar fadtéarmach a bheidh ag táirgí insoláthartha na n-oibríochtaí a chur chun cinn. Déanfaidh EASO comhordú ar ghníomhaíochtaí breise comhphróiseála i gcéimeanna éagsúla den nós imeachta um chosaint idirnáisiúnta agus bainfidh sé leas as gníomhaíochtaí den sórt sin i bpacáistí tacaíochta speisialta agus éigeandála.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Rannpháirtíocht saineolaithe i bhFoirne Tacaíochta Speisialta agus i mbearta tacaíochta eile san Iodáil de réir an Phlean Tacaíochta Speisialta (SSP).	R1-R4	Líon na bhfoirne tacaíochta arna n-imlonnú. Líon na mbeart tacaíochta. Leibhéal sástachta na hIodáile leis na bearta tacaíochta. A mhéid atá na haschuir ó na bearta tacaíochta glactha agus curtha chun feidhme.
Rannpháirtíocht saineolaithe i bhfoirne tacaíochta speisialta agus i mbearta tacaíochta eile sa Bhulgáir de réir an Phlean Tacaíochta Speisialta (SSP).	R1-R4	Líon na bhfoirne tacaíochta arna n-imlonnú. Líon na mbeart tacaíochta. Leibhéal sástachta na Bulgáire leis na bearta tacaíochta. A mhéid atá na haschuir ó na bearta tacaíochta glactha agus curtha chun feidhme.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Rannpháirtíocht saineolaithe i bhfoirne tacaíochta speisialta agus i mbearta tacaíochta eile sa Ghréig de réir an Phlean Tacaíochta Speisialta (SSP).	R1-R4	Líon na bhfoirne tacaíochta arna n-imlonnú. Líon na mbeart tacaíochta. Leibhéal sástachta na Gréige leis na bearta tacaíochta. Líon na n-oifigeach/státseirbhíseach ábhartha tearmainn agus fáiltithe a mbeidh eolas nó scileanna níos fearr acu.
Tacaíocht shaincheaptha/speisialta a chur ar fáil do Bhallstáit a iarrann í agus ag a bhfuil riachtanais shainaitheanta agus riachtanais shonracha áirithe a bhaineann le cur chun feidhme *acquis* athbhreithnithe AE maidir le tearmann de réir na bpleananna tacaíochta speisialta atá sínithe.	R1-R4	Líon na bpleananna tacaíochta speisialta nua arna síniú. Líon na mbeart tacaíochta arna gcur chun feidhme. Leibhéal sástachta na dtíortha óstacha AE+. Líon na mbeartas agus na gcleachtas nua arna gcur i bhfeidhm.
Tacaíocht éigeandála a chur ar fáil do thíortha AE+ atá faoi bhrú ar leith d'fhonn feabhas a chur ar an acmhainn atá acu agus ar a ullmhaithe atá siad a gcórais tearmainn agus fáiltithe a bhainistiú de réir pleananna oibriúcháin atá sínithe, agus comhar a dhéanamh le comhlachtaí ábhartha maidir le tacaíocht éigeandála a chur ar fáil.	R1-R4	Líon na bPleananna Oibriúcháin (OPanna) arna síniú nó arna gcur chun feidhme. Líon na bhFoirne tacaíochta tearmainn arna n-imlonnú. Líon na mbeart tacaíochta eile. Leibhéal sástachta na dtíortha AE+ atá ag fáil tacaíochta. A mhéid atá na haschuir ó na bearta éigeandála curtha chun feidhme. Úsáid na dtáirgí insoláthartha.
Tacaíocht oibríochta a chur ar fáil do na Ballstáit de réir an chláir oibre Eorpaigh don Imirce agus chur chuige na bpríomhláithreacha fáiltithe a ghlactar ann.		Líon na bPleananna Oibriúcháin (OPanna) arna síniú nó arna gcur chun feidhme. Líon na bhfoirne tacaíochta tearmainn arna n-imlonnú. Líon na mbeart tacaíochta eile. Leibhéal sástachta na dtíortha AE+ atá ag fáil tacaíochta.
Gníomhaíochtaí breise comhphróiseála a chomhordú i gcéimeanna éagsúla den nós imeachta um chosaint idirnáisiúnta, agus ról á thabhairt do shaineolaithe ó roinnt tíortha AE+ agus leas á bhaint as an lámhleabhar um chomhphróiseáil i ngníomhaíochtaí saincheaptha tacaíochta oibríochta.	R1-R4	Líon na ngníomhaíochtaí arna n-eagrú. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na gníomhaíochtaí sin. Úsáid an lámhleabhair. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Líon na ngníomhaíochtaí tacaíochta arna gcur chun feidhme.
Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an treoirphlean éigeandála agus comhordú a dhéanamh le comhpháirtithe, eagraíochtaí sochaí sibhialta ina measc, atá páirteach i mbearta éigeandála.	R1 - R4	Líon na modheolaíochtaí teicniúla agus na n-uirlisí teicniúla arna bhforbairt.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Sé chruinniú comhair phraiticiúil ar a laghad de chuid EASO a eagrú ar thacaíocht oibríochta.	R1-R4	Líon na gcruinnithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3301 Tacaíocht oibríochta: EUR 1 676 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad um thacaíocht oibríochta 2.75 Riarthóirí (AD), 1 AST, 2 CA, 2.5 SNE	

3.2. An díorma um idirghabháil tearmainn

Cuspóir(í) EASO	Coinneoidh EASO buíon saineolaithe atá cothrom le dáta ar bun, coinneoidh sí línte cumarsáide oscailte le pointí teagmhála náisiúnta an díorma um idirghabháil tearmainn ar na gnéithe uile a bhaineann leis na saineolaithe arna n-imlonnú i ngníomhaíochtaí tacaíochta oibríochta, agus cuirfidh sí cúnamh ar fáil maidir leis na saincheisteanna uile a bhaineann lena n-imlonnú. Déanfaidh EASO measúnacht ar an gcóras do shaineolaithe atá imlonnaithe agus déanfaidh sé tuilleadh forbartha ar úsáid na n-uirlisí oibríochta le haghaidh shaineolaithe an díorma um idirghabháil tearmainn. (i.e. córas an díorma um idirghabháil tearmainn, uirlisí faisnéise agus praiticiúla, teimpléid tuairiscithe agus córas aiseolais).
Nua in 2016	Timpeallacht faoi thacaíocht TFC (córas an díorma um idirghabháil tearmainn) a bhunú. I ndlúthchomhar le pointí teagmhála náisiúnta an díorma um idirghabháil tearmainn, déanfaidh EASO tuilleadh forbartha ar chóras bainistíochta an díorma um idirghabháil tearmainn d'fhonn cáilíocht agus comhleanúnachas na dtáirgí insoláthartha a chinntiú i dtacaíocht oibríochta. Athneartú a dhéanamh ar an gcumas atá ag EASO tacaíocht oibríochta thráthúil a chomhordú agus rannpháirtíocht shaineolaithe na mBallstát a éascú i ngníomhaíochtaí tacaíochta oibríochta EASO trí úsáid éifeachtach a bhaint as an díorma um idirghabháil tearmainn.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Dhá chruinniú comhair phraiticiúil ar a laghad de chuid EASO a eagrú le pointí teagmhála náisiúnta an díorma um idirghabháil tearmainn sna tíortha AE+.	R1-R4	Líon na gcruinnithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Timpeallacht faoi thacaíocht TFC (córas an díorma um idirghabháil tearmainn) a bhunú	R1-R4	Córas an díorma um idirghabháil tearmainn a bheith tástáilte agus curtha chun feidhme. A mhéid atá tíortha AE+ sásta le córas an díorma um idirghabháil tearmainn.
Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chóras bainistíochta an díorma um idirghabháil tearmainn, lena n-áirítear lámhleabhair maidir le tacaíocht oibríochta agus táirgí insoláthartha a thagann as tacaíocht oibríochta a sholáthar.	R1-R4	Líon na lámhleabhar arna bhforbairt. Líon na n-úsáideoirí. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Líon na dtáirgí insoláthartha arna scaipeadh.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Meastóireacht a dhéanamh ar úsáid an chórais aiseolais le haghaidh saineolaithe imlonnaithe sa díorma um idirghabháil tearmainn.	R1-R4	An córas aiseolais a bheith curtha chun feidhme agus meastóireacht a bheith déanta air. A mhéid atá tíortha AE+ sásta leis an gcóras aiseolais.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3301 Tacaíocht oibríochta: EUR 60 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad um thacaíocht oibríochta 0.25 AD, 0.5 CA	

3.3. Liosta EASO de theangacha a bhfuil fáil orthu

Cuspóir(í) EASO	Tacóidh EASO le tíortha AE+ rochtain réidh a bheith acu ar na teangacha ar fad a bhfuil fáil orthu sna tíortha eile AE+ tríd an liosta de theangacha a bhfuil fáil orthu. Ina theannta sin, forbróidh EASO réitigh theicniúla i dtíortha AE+ chun úsáid an liosta de theangacha a bhfuil fáil orthu a éascú.
Nua in 2016	Faireachán a dhéanamh ar an úsáid atá á baint ag tíortha AE+ as an liosta de na teangacha a bhfuil fáil orthu agus treoir-réiteach teicniúil a fhorbairt d'fhonn úsáid an liosta de theangacha a bhfuil fáil orthu a éascú.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Athbhreithniú, nuashonrú agus faireachán a dhéanamh ar an liosta de theangacha a bhfuil fáil orthu le haghaidh ateangaireachta.	R1-R4	Líon na dteagmhálacha arna mbunú idir tíortha AE+ chun leas a bhaint as an liosta de theangacha a bhfuil fáil orthu. Sonraí arna mbailiú ar na teangacha is mó a iarrtar le haghaidh ateangaireachta.
Cruinniú comhair phraiticiúil amháin ar a laghad de chuid EASO a eagrú le tíortha AE+ chun plé a dhéanamh ar réitigh theicniúla le haghaidh úsáide méadaithe a bhaint as an liosta de theangacha a bhfuil fáil orthu chomh maith le huirlisí teicniúla a sholáthar ina dhiaidh sin.	R1-R4	Líon na gcruinnithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Treoir-réiteach teicniúil a fhorbairt d'fhonn úsáid an liosta de theangacha a bhfuil fáil orthu a éascú.	R1-R4	Treoir-réiteach teicniúil a bheith forbartha. A mhéid atá tíortha AE+ sásta leis an treoir-réiteach teicniúil.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3301 Tacaíocht oibríochta: EUR 30 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad um thacaíocht oibríochta 0.25 CA	

3.4. Gníomhaíochtaí comhphróiseála

Cuspóir(í) EASO	Bunaithe ar an taithí atá aici ar na gníomhaíochtaí comhphróiseála a rinneadh in 2014 agus in 2015, bainfidh EASO leas as an meastóireacht ar na tionscadail agus cuirfidh sé tacaíocht ar fáil bunaithe ar an lámhleabhar um chomhphróiseáil. Ina theannta sin, déanfaidh EASO comhordú ar ghníomhaíochtaí breise comhphróiseála in 2016, gníomhaíochtaí ina mbeidh roinnt tíortha AE+ páirteach, go háirithe faoi chuimsiú chur chuige na bpríomhláithreacha fáiltithe.
Nua in 2016	Déanfaidh EASO comhordú ar ghníomhaíochtaí breise comhphróiseála i gcéimeanna éagsúla den nós imeachta um chosaint idirnáisiúnta agus bainfidh sé leas as gníomhaíochtaí comhphróiseála i bpacáistí saincheaptha tacaíochta.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Leas a bhaint as an lámhleabhar um chomhphróiseáil i ngníomhaíochtaí saincheaptha tacaíochta oibríochta.	R1-R4	Úsáid an lámhleabhair. Leibhéal sástachta na n-úsáideoirí. Líon na ngníomhaíochtaí tacaíochta arna gcur chun feidhme.
Gníomhaíochtaí breise comhphróiseála a chomhordú i gcéimeanna éagsúla den nós imeachta um chosaint idirnáisiúnta, agus ról á thabhairt do shaineolaithe ó roinnt tíortha AE+, go háirithe faoi chuimsiú chur chuige na bpríomhláithreacha fáiltithe.	R1-R4	Líon na ngníomhaíochtaí arna n-eagrú. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na gníomhaíochtaí sin.
Dhá chruinniú comhair phraiticiúil ar a laghad de chuid EASO a eagrú d'fhonn comhar praiticiúil a fhorbairt maidir le comhphróiseáil.	R1, R3	Cruinnithe a bheith eagraithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3301 Tacaíocht oibríochta: EUR 80 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad um thacaíocht oibríochta 0.25 CA, 1 SNE	

3.5. Réitigh theicniúla le haghaidh córas tearmainn agus fáiltithe

Cuspóir(í) EASO	Eagróidh EASO imeacht mórthaispeántais ar na teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus ar na huirlisí tacaíochta atá in úsáid i réimse an tearmainn. Bainfidh EASO leas as an bhfóram sin, arb é is aidhm dó iniúchadh a spreagadh ar bhealaí eile inar féidir dul i ngleic le heasnaimh i gclárúchán, i sainaithint, i gcomhroinnt sonraí, i gcumarsáid, i staitisticí agus i mbainistíocht riaráiste na nósanna imeachta tearmainn faoi chuimsiú an CEAS. Ar mhaithe le cur chun feidhme praiticiúil agus teicniúil CEAS a chur ar aghaidh, déanfaidh EASO iniúchadh ar an bhféidearthacht atá ann éifeachtúlacht a mhéadú i gcomhroinnt sonraí i measc na mBallstát AE+ agus ar a chomhoiriúnaí atá bunachair shonraí náisiúnta a bhaineann le tearmann dá chéile. Bunaithe ar chreat an chláir oibre Eorpaigh don imirce, déantar iarracht ar thaobh amháin deireadh a chur le difríochtaí reatha i measc cleachtas beartais náisiúnta tearmainn agus déantar iarracht ar an taobh eile tacaíocht oibríochta a chur ar fáil ar an talamh, lena n-áirítear faoi chuimsiú chóras na bpríomhláithreacha fáiltithe. Déanfaidh EASO iniúchadh ar an mbealach is fearr le tacaíocht oibríochta a sholáthar agus a bharrfheabhsú, lena n-áirítear trí mhéarlorgaireacht chórasach a éascú ar bhealach ina dtugtar meas iomlán ar chearta bunúsacha an duine agus trí iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir aitheantóirí bithmhéadracha a úsáid. Chomh maith leis sin, tacóidh EASO leis na Ballstáit AE+ iarratais gan bhunús ar thearmann a phróiseáil go tapa mar chuid den chomhrac in aghaidh mhí-úsáid CEAS. Tacóidh EASO le comhar praiticiúil agus le malartú an dea-chleachtais i ndáil lena bhfuil thuas, lena n-áirítear i ndáil le rochtain ar mhúnlaí gnó nua agus ar réitigh theicniúla nua ar féidir leo cabhrú le feabhas a chur ar a sholúbtha atá na córais tearmainn náisiúnta san Eoraip.
Nua in 2016	Eagróidh EASO Imeacht Mórthaispeántais ar na teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus ar na huirlisí tacaíochta atá in úsáid i réimse an tearmainn. Cuirfidh EASO tacaíocht ar fáil do Bhallstáit AE+ réitigh theicniúla nithiúla a fhorbairt le haghaidh córas tearmainn agus fáiltithe. Déanfaidh EASO iniúchadh ar an mbealach is fearr le tacaíocht oibríochta a sholáthar agus a bharrfheabhsú, lena n-áirítear trí mhéarlorgaireacht chórasach a éascú ar bhealach ina dtugtar meas iomlán ar chearta bunúsacha an duine agus trí iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir aitheantóirí bithmhéadracha a úsáid. Tacóidh EASO leis na Ballstáit AE+ iarratais gan bhunús ar thearmann a phróiseáil go tapa mar chuid den chomhrac in aghaidh mhí-úsáid an CEAS.

Feidhmíocht

Gníomhaíochtaí EASO in 2016	Cén uair	Táscairí
Imeacht mórthaispeántais a eagrú ar na teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus ar na huirlisí tacaíochta atá in úsáid i réimse an tearmainn.	R1-R2	Imeacht a bheith eagraithe. Líon na mBallstát den Aontas Eorpach atá rannpháirteach. Líon na réiteach teicniúil arna sainaithint. Úsáid an aschuir ón Imeacht mórthaispeántais.
Tacaíocht a chur ar fáil do Bhallstáit AE+ réitigh theicniúla nithiúla a fhorbairt le haghaidh córas tearmainn agus fáiltithe.	R2-R4	Líon na ngníomhaíochtaí tacaíochta arna n-eagrú. Líon na réiteach teicniúil arna sainaithint. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ón gcleachtadh.
Cruinniú comhair phraiticiúil amháin ar a laghad de chuid EASO a eagrú ar theicneolaíochtaí den sórt sin a úsáid.	R1, R3	Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3301 Tacaíocht oibríochta: EUR 200 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad um thacaíocht oibríochta 1 AD, 1 CA	

3.6. Tacaíocht ar fháiltiú

Cuspóir(í) EASO	Déanfaidh EASO tuilleadh forbartha ar an acmhainn inmheánach atá aige tacú le tíortha AE+ maidir le gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh dálaí fáiltithe leordhóthanacha a chur chun cinn. I ndlúthchomhar leis na heagraíochtaí agus leis na líonraí ábhartha (e.g. Ardán Eorpach na nGníomhaireachtaí Fáiltithe, EPRA) atá ag obair sa réimse cheana féin, bunóidh EASO líonra tiomnaithe d'údaráis fáiltithe ar aon dul leis an gClár Oibre Eorpach don Imirce. Ina theannta sin, oibreoidh EASO ar chritéir cháilíochta a fhorbairt d'ionaid fáiltithe i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach. Tríd an líonra sin, cothóidh EASO an malartú faisnéise agus dea-chleachtas ar chórais fáiltithe faoi chuimsiú chreat de chuid CEAS. Déanfar neartú ar an acmhainn atá ag tíortha AE+ pleanáil theagmhasach a dhéanamh ar fháiltiú le haghaidh insreabhadh féideartha iarrthóirí tearmainn. Chomh maith leis sin, déanfar iniúchadh ar na féidearthachtaí atá ann treoirthionscadal a fhorbairt chun acmhainn fáiltithe a chomhroinnt in AE.
Nua in 2016	An malartú faisnéise agus dea-chleachtas ar chórais fáiltithe a chothú faoi chuimsiú chreat CEAS. Lámhleabhar EASO um pleanáil teagmhais a thabhairt chun críche agus leas a bhaint as i ngníomhaíochtaí tacaíochta oibríochta do thíortha AE+; Treoirthionscadal a fhorbairt arb é is aidhm dó acmhainn fáiltithe a chomhroinnt in AE; Tacú le líonra fáiltithe AE a bhunú.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Dhá chruinniú comhair phraiticiúil ar a laghad de chuid EASO a eagrú ar chórais tearmainn agus ar dhálaí tearmainn.	R1-R4	Cruinnithe a bheith eagraithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Tacú le líonra tiomnaithe nua d'údaráis fáiltithe a bhunú agus oibriú i gcomhar leis na comhpháirtithe lena mbaineann.	R1-R4	An líonra a bheith bunaithe. Cruinnithe a bheith eagraithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Treoirthionscadal a fhorbairt arb é is aidhm dó acmhainn fáiltithe a chomhroinnt agus áiteanna fáiltithe a chomhthiomsú le linn éigeandála in AE.	R1-R4	Treoirthionscadal a bheith forbartha. An leibhéal sástachta/aiseolas arna chur ar fáil ag tíortha AE+ atá páirteach. Úsáid an aschuir ón tionscadal.
Leas a bhaint as lámhleabhar EASO um pleanáil teagmhais i ngníomhaíochtaí saincheaptha tacaíochta oibríochta do thíortha AE+.	R1-R4	Úsáid an lámhleabhair. Líon na mbeart tacaíochta arna gcur chun feidhme. An leibhéal sástachta/aiseolas arna chur ar fáil ag tíortha AE+ atá páirteach. Úsáid an aschuir ón tacaíocht arna cur ar fáil.
Cruinniú comhair phraiticiúil amháin ar a laghad de chuid EASO a eagrú ar phleanáil teagmhais agus ar ullmhacht d'insreabhadh féideartha iarrthóirí tearmainn sa chomhthéacs fáiltithe.	R1-R4	Cruinniú a bheith eagraithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ón gcruinniú.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3301 Tacaíocht oibríochta: EUR 80 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad um thacaíocht oibríochta 0.5 AD, 0.5 SNE	

3.7. Athshuíomh

Cuspóir(í) EASO	Déanfaidh EASO an malartú faisnéise agus dea-chleachtas ar athshuíomh laistigh den Aontas Eorpach a chur chun cinn, a éascú agus a chomhordú tuilleadh. Tacóidh EASO leis na bearta athshuímh sealadacha a chur chun feidhme i réimse na cosanta idirnáisiúnta chun tairbhe don Iodáil agus don Ghréig — bearta a tháinig i bhfeidhm an 16 Meán Fómhair 2015 — agus soláthróidh sé tacaíocht oibríochta agus na bearta sin á gcur chun feidhme. Déanfaidh EASO beart leantach ar fhóram bliantúil an Choimisiúin Eorpaigh ar athlonnú agus ar athshuíomh. Agus an nós imeachta um athshuíomh éigeandála á chur i bhfeidhm aige, tacóidh EASO le plean athshuímh an Choimisiúin a chur chun feidhme in éineacht leis na húdaráis san Iodáil agus sa Ghréig.
Nua in 2016	Tacú le cur chun feidhme na mbeart athshuímh sealadach agus é a chomhordú i réimse na cosanta idirnáisiúnta chun tairbhe don Iodáil agus don Ghréig, ar aon dul leis an gclár oibre Eorpach don imirce agus le cur chuige na bpríomhláithreacha fáiltithe.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Tacú le hathshuíomh 40 000 duine ón Iodáil agus ón nGréig agus é a chomhordú trí mhalartú faisnéise a éascú agus a chomhordú i measc na mBallstát atá páirteach; trí ainmniúchán pointí teagmhála náisiúnta ag Ballstáit a chomhordú; trí mhalartú faisnéise a éascú idir na pointí teagmhála náisiúnta agus na húdaráis inniúla san Iodáil agus sa Ghréig; trí thacú leis an Iodáil agus leis an nGréig iarratasóirí a shainaithint a d'fhéadfaí a athshuí i mBallstáit atá páirteach, agus tús áite á thabhairt d'iarratasóirí leochaileacha ag an am céanna; trí thacú leis na húdaráis san Iodáil agus sa Ghréig na cinntí riachtanacha a eisiúint chun iarratasóirí sainaitheanta a athshuí, lena n-áirítear fógra a thabhairt do na hiarratasóirí.	R1-R4	Líon na ndaoine arna n-athshuí.
Tacú le hathshuíomh 120 000 duine eile ón Iodáil, ón nGréig agus ón Ungáir agus é a chomhordú, má thagtar ar chomhaontú ar an mbeart sin.	R1-R4	Líon na ndaoine arna n-athshuí.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Cruinniú comhair phraiticiúil amháin ar a laghad de chuid EASO a eagrú ar athshuíomh daoine ar tugadh cosaint idirnáisiúnta dóibh i gcomhar le fóram bliantúil an Choimisiúin Eorpaigh ar athshuíomh in 2016.	R2	Cruinniú a bheith eagraithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Páirt a ghlacadh i bhfóram bliantúil an Choimisiúin Eorpaigh ar athshuíomh agus beart leantach a dhéanamh ar na conclúidí ón bhfóram.	R4	Cineál na rannpháirtíochta. Bearta leantacha arna gcur chun feidhme.
Tacú le bearta athshuímh arna gcomhaontú ar leibhéal AE agus iad a chomhordú agus leas a bhaint as na sineirgí ó fhóram bliantúil an Choimisiúin Eorpaigh ar athlonnú agus ar athshuíomh le haghaidh gníomhaíochtaí saincheaptha tacaíochta oibríochta do Bhallstáit.	R1-R4	Líon agus cineál na mbeart arna soláthar. Leibhéal sástachta na bpáirtithe leasmhara lena mbaineann.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3301 Tacaíocht oibríochta: EUR 100 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An Lárionad um thacaíocht oibríochta 0.75 AD, 0.5 CA	

3.8. Filleadh agus lánpháirtíocht

Cuspóir(í) EASO	Cuid dhílis de bheartais tearmainn agus imirce atá ag feidhmiú go maith is ea filleadh agus lánpháirtíocht. Má thugtar bearta den sórt sin isteach níos luaithe sa phróiseas tearmainn, beifear in ann cur lena éifeachtaí a bheidh siad. In 2016, cothóidh EASO comhar praiticiúil i réimsí an fhillidh agus na lánpháirtíochta laistigh den chóras tearmainn agus fáiltithe. I gcomhar le líonraí reatha (amhail an sainghrúpa um fhilleadh de chuid ghréasán imirce na hEorpa, líonra ionstraimí ath-lánpháirtíochta na hEorpa agus na pointí teagmhála náisiúnta um lánpháirtíocht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh), Éascóidh EASO malartú faisnéise agus dea-chleachtas chun gnéithe den fhilleadh agus den lánpháirtíocht a phríomhshruthú ag céimeanna éagsúla den phróiseas tearmainn agus de na córais fáiltithe.
Nua in 2016	Tuilleadh comhair le líonraí ábhartha i réimsí an fhillidh agus na lánpháirtíochta.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Cruinniú comhair phraiticiúil amháin ar a laghad de chuid EASO a eagrú sa réimse seo.	R2, R3	Cruinnithe a bheith eagraithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Uirlisí comhair phraiticiúil a mhapáil i réimse an fhillidh tar éis diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.	R1-R4	Líon na n-uirlisí arna sainaithint. Tuarascáil a bheith dréachtaithe. Úsáid an aschuir ón tuarascáil.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Uirlisí comhair phraiticiúil a mhapáil i réimse na hath-lánpháirtíochta d'iarratasóirí ar diúltaíodh dá n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.	R1-R4	Líon na n-uirlisí arna sainaithint. Tuarascáil a bheith dréachtaithe. Úsáid an aschuir ón tuarascáil.
Comhar a dhéanamh le Líonraí reatha atá i mbun an fhillidh agus na hath-lánpháirtíochta, lena n-áirítear Líonra Ionstraimí Ath-Lánpháirtíochta na hEorpa (ERIN).	R1-R4	Comhar a bheith bunaithe le líonraí ábhartha. Cruinnithe a bheith eagraithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3301 Tacaíocht oibríochta: EUR 30 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad um thacaíocht oibríochta 0.5 AD	

4. Tacaíocht faisnéise agus anailíse

4.1. Córas faisnéise agus cáipéisíochta

Cuspóir(í) EASO	Forbróidh EASO a Chóras Faisnéise agus Cáipéisíochta (IDS) tuilleadh, lena soláthraítear pointe aonair faisnéise ar eagrú chórais tearmainn agus fáiltithe na dtíortha AE+, mar aon le forléargas ar fheidhmiú praiticiúil CEAS. Laistigh den chóras ginearálta faisnéise agus cáipéisíochta sin, déanfaidh EASO forbairt agus nuashonrú ar raon ábhar, lena n-áirítear cásdlí na gcúirteanna Eorpacha agus na gcúirteanna náisiúnta atá bainteach le forálacha *acquis* AE maidir le tearmann. Déanfaidh EASO ionchur ó gach foinse shuntasach faisnéise a mheas le linn an phróisis sin, lena n-áirítear bunachair shonraí ábhartha, agus rachaidh sé i dteagmháil le páirtithe leasmhara ábhartha, amhail na cúirteanna Eorpacha agus na cúirteanna náisiúnta, gníomhaireachtaí eile AE, cosúil le Frontex agus FRA, agus Eagraíochtaí Idirnáisiúnta inniúla, go háirithe UNHCR, an lucht léinn agus an tsochaí shibhialta. Déanfar faisnéis in IDS a bhailíochtú agus a nuashonrú trí líonra IDS a chuimsíonn saineolaithe náisiúnta. Eagrófar cruinnithe an líonra de réir mar is gá d'fhonn cúraimí na mball den líonra a shoiléiriú agus a éifeachtúla atá a n-ionchur a uasmhéadú.
Nua in 2016	Bailíochtú na faisnéise a cuireadh isteach in IDS ar bhonn na faisnéise atá ar fáil cheana féin. Forbairt ar chóras le haghaidh sonraí rialta a bhailiú ó thíortha AE+ ar fheidhmiú a gcuid córas tearmainn agus athruithe ábhartha ar bheartas náisiúnta, ar nósanna imeachta agus ar chásdlí chun a chinntiú go nuashonraítear an IDS ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear staidéir spriocdhírithe ar bheartais shonracha náisiúnta nuair is gá.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Bailiú na faisnéise tosaigh faoi phríomhghnéithe de gach córas tearmainn náisiúnta sna tíortha AE+ a chur i gcrích.	R1-R4	Líon na dtíortha AE+ arna gclúdach. Raon clúdaigh na bpríomhábhar
Leanúint d'uirlis bogearraí TF IDS a fhorbairt.	R1-R4	Feabhas ar dhearadh agus ar fheidhmiúlachtaí. An leibhéal sástachta leis an uirlis.
An fhaisnéis tosaigh ar phríomhghnéithe de gach córas tearmainn náisiúnta a bhailíochtú.	R1-R4	Líon na mball den líonra IDS. Aiseolas ó bhaill den líonra agus ó pháirtithe leasmhara eile.
Córas a bhunú le haghaidh sonraí a thabhairt suas chun dáta ó thíortha AE+ ar fheidhmiú a gcuid córas tearmainn agus athruithe ábhartha ar bheartas náisiúnta, ar nósanna imeachta agus ar chásdlí.	R1-R4	Leibhéal sástachta na ndaoine a úsáideann an IDS. Méid an nuashonraithe rialta ar an bhfaisnéis IDS.
Cruinniú amháin ar a laghad de chuid an líonra IDS a eagrú ar bheartais agus ar nósanna imeachta na dtíortha AE+.	R2-R4	Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta. Úsáid an aschuir ón gcruinniú.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3103 Córas faisnéise agus cáipéisíochta: EUR 80 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad faisnéise, cáipéisíochta agus anailíse (CIDA) 0.5 AD, 0.5 AST, 1 CA	

4.2. Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE

Cuspóir(í) EASO	Féachann EASO le forbhreathnú cuimsitheach ar staid an tearmainn in AE a chur ar fáil ar bhonn bliantúil don lucht déanta beartas agus do pháirtithe leasmhara náisiúnta agus AE. Déantar an tuarascáil a dhréachtú i gcomhar le tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin Eorpaigh ar inimirce agus tearmann agus cuirtear san áireamh inti ionchur ón tsochaí sibhialta agus ón lucht léinn. Beidh anailísí nua a bheidh bunaithe ar shonraí a bailíodh faoi Chéim III den EPS ina ngné den tuarascáil.
Nua in 2016	Raon agus cáilíocht na tuarascála a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear tuilleadh ionchuir éifeachtaigh ón tsochaí shibhialta; tuilleadh feabhais a chur ar scaipeadh na tuarascála chuig lucht léitheoireachta níos leithne.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
An tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE a dhréachtú agus a fhoilsiú.	R2	An tuarascáil bhliantúil a bheith glactha agus foilsithe. Líon na bpáirtithe leasmhara ag soláthar ionchuir don tuarascáil bhliantúil. Úsáid na tuarascála bliantúla.
Ócáid phoiblí a eagrú le haghaidh an tuarascáil bhliantúil fhoilsithe a sheoladh agus a scaipeadh.	R3	Ócáid phoiblí a bheith eagraithe. Freagairt ón bpobal agus ó na meáin arna giniúint.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3101 Tuarascáil bhliantúil ar thearmann: EUR 150 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad faisnéise, cáipéisíochta agus anailíse 0.5 AD	

4.3. Córas luathrabhaidh agus ullmhachta

Cuspóir(í) EASO	Déanfaidh EASO tuilleadh forbartha ar a Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta, córas atá dírithe ar fhaisnéis agus anailísí atá cruinn agus tráthúil a thabhairt do na tíortha AE+, don Choimisiún Eorpach, do Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus do Pharlaimint na hEorpa maidir le sreafaí iarrthóirí tearmainn chuig AE agus laistigh de, agus maidir le hacmhainn na dtíortha AE+ chun déileáil leo. Cuirfidh an córas luathrabhaidh agus ullmhachta leis an meicníocht luathrabhaidh, ullmhachta agus bhainistíochta géarchéime a bhforáiltear di in Airteagal 33 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III. In 2016, déanfaidh EASO sonraí a bhailiú agus a anailísiú ar bhonn rialta faoi tháscairí Chéim III den EPS agus oibreoidh sé ar fhorbairt bhreise an chórais bhailithe sonraithe chun an faire-achán córasach ar chur chun feidhme CEAS a threisiú. Leanfaidh EASO ar aghaidh ag forbairt úsáid na n-uirlisí staidrimh agus Córas Faisnéise Geografaí (GIS) chun anailís agus léirshamhlú a fheabhsú. Bunóidh EASO grúpaí comhairleacha ó bhaill an ghrúpa um staidreamh a sholáthar ar na saincheisteanna is tábhachtaí. Déanfaidh EASO tuilleadh cuir chun feidhme ar a chlár taighde atá dírithe ar shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar a ábhartha atá na príomhthosca brú agus tarraingthe le haghaidh cineálacha éagsúla de shreafaí tearmainn. Lorgóidh EASO comhtháthú anailísí níos fearr le faisnéis COI agus le faisnéis eile atá bainteach le himirce ó phríomhthíortha tionscnaimh agus iompair chun ábharthacht oibríochta a cuid oibre a fheabhsú.
Nua in 2016	Comhtháthú a dhéanamh ar na sonraí ó tháscairí Chéim III maidir le rochtain ar nós imeachta, ar fháiltiú, ar Rialachán Bhaile Átha Cliath agus ar an bhfilleadh isteach i dtáirgí anailíse rialta, agus béim á cur ar an soláthar faisnéise agus ar a cur i láthair a fheabhsú. Comhordóidh EASO go dlúth le gníomhaireachtaí eile de chuid na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, cosúil le Frontex agus eu-LISA, maidir le comhleanúnachas agus úsáid na dtáscairí, go háirithe iad sin a bhaineann le Rialachán Bhaile Átha Cliath agus leis an bhfilleadh. Breithneoidh EASO modhanna chun bailiú agus úsáid na "faisnéise" a bhaineann le himirce a fheabhsú d'fhonn breisluach a táirgí anailíseacha a fheabhsú.

Feidhmíocht

Gníomhaíochtaí EASO in 2016	Cén uair	Táscairí
Sonraí rialta a bhailiú ó thíortha AE+ i gcomhréir le táscairí Chéim II agus Chéim III.	R1-R4	Líon na dtíortha AE+ a sholáthróidh na sonraí arna n-iarraidh. An fráma ama ina gcuirfear na sonraí ar fáil.
Tuarascálacha anailíseacha míosúla agus ráithiúla a tháirgeadh ar threochtaí tearmainn in AE.	R1-R4	Líon na dtuarascálacha. An fráma ama ina gcuirfear na tuarascálacha ar fáil. Úsáid na dtuarascálacha.
Tuarascálacha *ad hoc* a tháirgeadh ar ábhair shonracha.	R1-R4	Líon na dtuarascálacha. Úsáid na dtuarascálacha.
Dhá chruinniú ar a laghad de chuid an ghrúpa um staidreamh a sholáthar a eagrú.	R1-R4	Líon na gcruinnithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ón gcruinniú.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Taighde ar thosca tarraingthe agus brú le haghaidh cineálacha éagsúla sreafaí tearmainn agus ar fhaisnéis cháilíochtúil ghaolmhar a sheachfhoinsiú agus na torthaí a úsáid i dtáirgí anailíseacha.	R1-R4	Líon na mbeart arna dtairiscint. Líon na dtáirgí insoláthartha arna dtáirgeadh. Líon agus cáilíocht na dtáirgí anailíseacha a úsáidfidh torthaí taighde.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3102 Luathrabhadh agus anailís ar shonraí: EUR 650 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse 4 AD, 2 CA, 2 SNE	

5. An ghné sheachtrach

5.1. Tacaíocht tríú tír

Cuspóir(í) EASO	Ar aon dul le straitéis gníomhaíochta seachtraí EASO, déanfaidh EASO iarracht tacú le gné sheachtrach CEAS i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach agus faoi chuimsiú bheartas AE um chaidreamh seachtrach. Déanfaidh EASO forbairt ar na torthaí agus ar an taithí a gnóthaíodh ó chur chun feidhme a tionscadail faoin Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht (ENPI) leis an Iordáin, leis an Túinéis agus le Maracó a tháinig chun deiridh in 2015. Ar aon dul leis an gClár Oibre Eorpach don Imirce, neartóidh EASO a comhar le tríú tíortha (tíortha nach Ballstáit iad). Mar chuid de, tá sé bunriachtanach aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna le himirce agus ar imirce phríomhshrutha a phríomhshruthú i ndearadh agus straitéisí forbartha. Tacóidh EASO le tógáil acmhainne i gcórais tearmainn agus fáiltithe na dtríú tíortha tábhachtacha atá i gcomharsanacht AE agus i gCláir um Fhorbairt agus Chosaint Réigiúnach (RDPPanna) a chur chun feidhme. Oibreoidh EASO, nuair is gá, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha, amhail gníomhaireachtaí eile de chuid AE agus eagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla, UNHCR san áireamh, maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin.
Nua in 2016	Tacaíocht a chur ar fáil i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, le Ballstáit AE, le Frontex agus le gníomhaithe ábhartha eile faoin gclár réigiúnach IPA do na Balcáin Thiar agus don Tuirc a síníodh in 2015.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Dhá cheardlann comhair phraiticiúil ar a laghad de chuid EASO a eagrú le Líonra Gné Seachtraí na dtíortha AE+ chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí gné seachtraí EASO maidir le tacaíocht tríú tír.	R2, R4	Líon na gceardlann arna n-eagrú. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na ceardlanna.
Cur chun feidhme an tionscadail faoin Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht leis an Túinéis, Maracó agus an Iordáin a chur i gcrích agus forbairt a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh óna chur chun feidhme.	R1-R4	An méid atá gníomhaíochtaí agus buiséad an tionscadail ENPI curtha chun feidhme. Leibhéal sástachta na dTríú Tíortha lena mbaineann. Leibhéal sástachta na bpáirtithe leasmhara lena mbaineann. Líon na ngníomhaíochtaí atá ag déanamh forbartha ar eispéireas an tionscadail ENPI ar féidir iad a shainaithint agus a chur chun feidhme.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Dhá ghníomhaíocht ghné seachtraí ar a laghad, tógáil acmhainne san áireamh, a fhorbairt le tríú tíortha comharsanacha spriocdhírithe arna sainaithint ar aon dul leis an gCur Chuige Domhanda maidir le hImirce agus Soghluaisteacht agus i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach (mar shampla, ceardlanna saincheaptha comhair phraiticiúil oiliúintí ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta le tríú tíortha spriocdhírithe agus le tíortha AE+ etc.).	R1-R4	Líon na ngníomhaíochtaí gné seachtraí arna sainaithint agus arna gcur chun feidhme. Líon na n-oiliúintí agus na gceardlann. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe/na bpáirtithe leasmhara. Úsáid an aschuir ón gcruinniú. Leibhéal sástachta na bpáirtithe leasmhara lena mbaineann. Líon na dTríú Tíortha lena mbaineann. Leibhéal sástachta na dTríú Tíortha lena mbaineann.
Tacú le cur chun feidhme na gClár um Fhorbairt agus Chosaint Réigiúnach (RDPPanna) agus beart eile a bhaineann le réitigh mharthanacha i dtríú tíortha (e.g. cúnamh teicniúil; nascadh; ceardlanna saincheaptha comhair phraiticiúil le tríú tíortha spriocdhírithe agus tíortha AE+, etc.).	R1-R4	Líon na gClár um Fhorbairt agus Chosaint Réigiúnach a mbeidh baint ag EASO leo. Líon agus cineál na mbeart tacaíochta arna gcur chun feidhme. Líon na gcruinnithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe/na bpáirtithe leasmhara. Úsáid an aschuir ón gcruinniú. Leibhéal sástachta na bpáirtithe leasmhara lena mbaineann.
Tacaíocht a chur ar fáil i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, le Ballstáit AE, le Frontex agus le gníomhaithe ábhartha eile faoin gclár réigiúnach IPA do na Balcáin Thiar agus don Tuirc a síníodh in 2015.	R1-R4	Líon na ngníomhaíochtaí atá bainteach le IPA a bhfuil baint ag EASO leo arna sainaithint agus arna dtosú agus/nó arna gcur chun feidhme. Leibhéal sástachta na dtríú tíortha lena mbaineann.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3204 Athlonnú agus gné sheachtrach: EUR 150 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad um thacaíocht oibríochta 0.5 AD, 1 CA	

5.2. Athshocrú

Cuspóir(í) EASO	Cuirfidh EASO ról comhordaithe ("ionad imréitigh") i bhfeidhm maidir le malartú faisnéise agus bearta eile ar athlonnú arna ndéanamh ag tíortha AE+ i gcomhar le UNHCR agus le hEagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM). Mhol an Coimisiún scéim athlonnaithe Eorpach do na Ballstáit an 8 Meitheamh 2015 d'fhonn 20 000 duine a dteastaíonn cosaint idirnáisiúnta uathu a athlonnú thar thréimhse dhá bhliain. Ghlac an Chomhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile an 20 Iúil na conclúidí ar an gcomhaontú ar 22 504 duine easáitithe a dteastaíonn cosaint idirnáisiúnta go soiléir uathu a athlonnú trí scéimeanna iltaobhacha agus náisiúnta. Tabharfaidh EASO tacaíocht do na hiarrachtaí sin. I gcomhar le UNHCR agus IOM, cuirfidh EASO comhordú chun cinn idir tíortha AE+ maidir le spriocanna comhaontaithe athlonnaithe a bhaint amach, ní amháin i ndáil le hiarratais ach freisin i ndáil le himeachtaí iarbhír chuig AE. Tá sé ina chuspóir ag EASO neartú a dhéanamh ar ról AE sa réimse sin, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, d'fhonn freastal ar riachtanais maidir le cosaint idirnáisiúnta na ndídeanaithe i dtríú tíortha agus d'fhonn dlúthpháirtíocht a léiriú lena dtíortha aíochta.
Nua in 2016	Modheolaíochtaí agus uirlisí a fhorbairt chun neartú a dhéanamh ar chumas na dtíortha AE chun dídeanaithe a athlonnú agus an comhar a chur chun cinn faoi chomhchlár AE um athlonnú.

Feidhmíocht

Gníomhaíochtaí EASO in 2016	Cén uair	Táscairí
Cruinniú saineolaithe comhair phraiticiúil amháin ar a laghad de chuid EASO a eagrú faoin athlonnú i sineirge leis na tionscnaimh éagsúla AE agus idirnáisiúnta eile um athlonnú.	R1-R3	Líon na gcruinnithe saineolaithe arna n-eagrú. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Modheolaíochtaí agus uirlisí a fhorbairt chun neartú a dhéanamh ar chumas na dtíortha AE chun dídeanaithe a athlonnú agus an comhar a chur chun cinn faoi chomhchlár AE um athlonnú.	R1-R4	Líon na modheolaíochtaí agus na n-uirlisí arna bhforbairt. Úsáid na modheolaíochtaí agus na n-uirlisí. Líon na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh chun tacú leis an scéim athlonnaithe ar fud AE.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3204 Athlonnú agus gné sheachtrach: EUR 80 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An lárionad um thacaíocht oibríochta 0.5 AD	

6. Clár cothrománach

6.1. Líonra Bhaile Átha Cliath

Cuspóir(í) EASO	Tá freagracht ar Bhallstáit AE as córas Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm. Go háirithe, tá freagracht ar Bhallstáit as acmhainní fónta a leithdháileadh chun líon aistrithe Bhaile Átha Cliath a mhéadú agus moilleanna atá bainteach leis na haistrithe a laghdú. Chomh maith leis sin, ní mór do Bhallstáit cur i bhfeidhm seasmhach a dhéanamh ar na clásail dlí a bhaineann le hathaontú teaghlaigh agus úsáid níos leithne agus níos rialta a bhaint as na clásail lánroghnacha lena gceadaítear do na Ballstáit a chinneadh go scrúdóidh siad iarratas ar thearmann agus an brú ar na Ballstáit ag a bhfuil teorainneacha seachtracha a mhaolú dá bharr. D'fhonn tacú leis na Ballstáit córas Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm go hiomlán, bunóidh EASO líonra tiomnaithe d'Aonaid náisiúnta Bhaile Átha Cliath ar aon dul leis an gclár oibre Eorpach don Imirce.
Nua in 2016	Bunóidh EASO líonra tiomnaithe d'Aonaid náisiúnta Bhaile Átha Cliath chun tacú le Ballstáit AE córas Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Cruinniú comhair phraiticiúil amháin ar a laghad de chuid EASO a eagrú sa réimse seo.	R2, R3	Cruinnithe a bheith eagraithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Líonra tiomnaithe d'Aonaid náisiúnta Bhaile Átha Cliath a bhunú	R1-R4	Líonra d'Aonaid náisiúnta Bhaile Átha Cliath arna bhunú. Cruinnithe a bheith eagraithe. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ó na cruinnithe.
Dea-chleachtais maidir le comhar a fhorbairt le haghaidh fheidhmiú chóras Bhaile Átha Cliath.	R1-R4	Líon na ndea-chleachtas arna sainaithint agus arna bhforbairt.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte		3301 Tacaíocht Oibríochta: EUR 25 000
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte		An lárionad um thacaíocht oibríochta 0.25 AD, 0.5 CA

7. Líonra comhair agus eagrúchán inmheánach EASO

7.1. Líonra comhair EASO

7.1.1. Comhar leis an gCoimisiún Eorpach, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa

Ina cáil mar ghníomhaireacht rialála dhíláraithe de chuid AE a bhfuil a struchtúr rialachais féin aici, gníomhaíonn EASO laistigh de bheartais agus de chreat institiúideach AE. Sa chomhthéacs sin, tá freagracht pholaitiúil as réimse an tearmainn ar an gCoimisinéir Eorpach atá freagrach as imirce, gnóthaí baile agus saoránacht agus, dá bhrí sin, is ann do naisc láidre chomhair leis an gCoimisiún Eorpach ar na gníomhaíochtaí uile de chuid EASO. In 2016, iarrfar ar an gCoimisiún Eorpach a thuairim a thabhairt ar cháipéisí ar leith a bheidh le glacadh ag Bord Bainistíochta EASO ar aon dul leis na forálacha cuí de Rialachán EASO. Beidh cruinnithe rialta ar na leibhéil uile agus físchomhdhálacha rialta a bhaineann le beartas leis an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile ar bun ar fud na bliana 2016. Thairis sin, leanfaidh EASO ar aghaidh in 2016 ag eagrú chomhchruinnithe an Choiste Teagmhála leis an gCoimisiún Eorpach agus ceardlanna praiticiúla droim ar dhroim le cruinnithe an Choiste Teagmhála. Ina theannta sin, comhordóidh EASO

dréachtú tuarascálacha leis an gCoimisiún Eorpach. Bainfidh EASO agus EMN leas as na sonraí céanna ó na tíortha AE+ dá bhfaisnéis uile agus iad ag dréachtú tuarascálacha amhail tuarascáil bhliantúil EASO. Glacfaidh EASO páirt i gcruinnithe pointí teagmhála náisiúnta an EMN, i gcruinnithe a Bhoird Stiúrtha agus i gcruinnithe téamacha ábhartha.

Ar aon dul le Rialachán EASO, seolfaidh EASO a clár oibre bliantúil agus a tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh agus chuig an gCoimisiún Eorpach. Iarrtar ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin go rialta tuairisciú don Chomhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile maidir leis an CEAS. Ina theannta sin, iarrtar ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin clár oibre EASO, chomh maith le topaicí sonracha a bhaineann le hobair EASO, a chur i láthair Pharlaimint na hEorpa.

In 2016, leanfaidh EASO ar aghaidh ag imirt ról tacaíochta sa chreat airgeadais ilbhliantúil agus sna socrúcháin ar chistiú AE i réimse an tearmainn agus na himirce. Maidir leis sin, tabharfaidh EASO faisnéis ar thosaíochtaí oibríochta AE agus ar thosaíochtaí sonracha na dtíortha AE+ a d'fhéadfaí a chur san áireamh i gcomhair cistiú spriocdhírithe.

Comhlíonfaidh EASO a ról institiúideach laistigh de chomhthéacs na meicníochta dá bhforáiltear in Airteagal 33 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III trí dhul i mbun birt agus trí eolas a thabhairt do na hinstitiúidí ábhartha atá bainteach le céimeanna éagsúla na meicníochta.

7.1.2. Comhar le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile

Agus a cúraimí á gcomhlíonadh aici, oibríonn EASO i ndlúthchomhar le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) agus le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus idir-rialtasacha eile.

Maidir le UNHCR, oibríonn EASO i ndlúthchomhar leis agus téann sé i gcomhpháirtíocht leis sna réimsí uile atá clúdaithe ag Rialachán EASO. In 2013, shínigh EASO agus UNCHR socrúchán oibre. Ar an mbunús sin, déanfaidh EASO forbairt in 2016 ar an gcomhar neartaithe, go háirithe maidir le hoiliúint, le próisis cháilíochta, le leanaí gan tionlacan, leis an athlonnú, leis an ngné sheachtrach den CEAS agus maidir le réimse na tacaíochta speisialta agus éigeandála. Leanfar de chomhar struchtúrtha sna réimsí uile. Glacann UNHCR páirt i mbord bainistíochta EASO mar chomhalta gan vóta agus tabharfar cuireadh dó, mar is cuí, freastal ar chruinnithe struchtúir oibre EASO. Ina theannta sin, ba chóir a thabhairt chun suntais go bhfuil buanoifig chaidrimh ag UNHCR le EASO, atá lonnaithe i Málta.

Le linn 2016, beidh dlúth-theagmháil ag EASO le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus idir-rialtasacha eile a bhíonn ag obair i réimsí an tearmainn freisin, amhail Comhairle na hEorpa, Stiúrthóirí Ginearálta na Comhdhála Seirbhísí Inimirce (GDISC), na Comhairliúcháin Idir-Rialtasacha ar Imirce, Tearmann agus Dídeanaithe (IGC) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM). Maidir le Comhairle na hEorpa agus IOM, tabharfaidh EASO faoi mhalartú tuairimí go rialta leo agus glacfaidh sí páirt ina gcuid oibre in 2016. Maidir le GDISC, cuirfidh EASO go gníomhach lena chuid oibre, ag glacadh páirte i roinnt de chomhdhálacha agus de cheardlanna GDISC. Ar an lámh eile, bunaithe ar mhalartú litreacha le IGC, tabharfar cuireadh rialta do EASO freastal ar roinnt de mheithleacha oibre an IGC agus tabharfar cuireadh don Stiúrthóir Feidhmiúcháin bheith i láthair ag babhta iomlán an IGC.

7.1.3. Comhar le gníomhaireachtaí AE agus le gníomhaireachtaí de chuid na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Líonra na ngníomhaireachtaí AE

Cuireann EASO comhar láidir le gníomhaíochtaí eile de chuid AE chun cinn mar bhall den Líonra Comhair Idirghníomhaireachta agus glacfaidh sé páirt i ngníomhaíochtaí ábhartha a eagrófar in 2016 maidir lena líonraí agus lena struchtúir oibre eile.

Líonra na ngníomhaireachtaí de chuid na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Tá EASO ina chomhalta freisin den chomhar idirghníomhaireachta um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (CGB), in éineacht le CEPOL, leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), leis an nGníomhaireacht Eorpach um Bainistíocht Oibríochtúil na gCóras TF ar Mhórscála i Réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais (eu-LISA), leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA), le Eurojust, le Europol, le FRA agus le Frontex. In 2016, glacfaidh EASO páirt i líonra na ngníomhaireachtaí CGB agus ina chuid gníomhaíochtaí.

Leanfaidh EASO de chomhtheagmhálaithe agus de chaidreamh a bheith aige ar leibhéal déthaobhach leis na gníomhaireachtaí CGB, go háirithe trí chainéil an chomhair idirghníomhaireachta CGB. Tar éis socrúcháin shonracha oibre le Frontex, le FRA agus le eu-LISA, cuirfear gníomhaíochtaí déthaobhacha chun feidhme mar atá mionsonraithe thíos.

Frontex

Ar bhunús an tsocrúcháin oibre a shínigh Frontex agus EASO i Meán Fómhair na bliana 2012, leanfar den chomhar atá ann faoi láthair le linn 2016, mar thoradh ar chomhbhearta a tuaradh sa chlár oibre Eorpach don imirce freisin. Déanfaidh Frontex agus EASO tuilleadh cuir chun feidhme ar chomhar inbhuanaithe ar chláir oiliúna, ar thionscnaimh cháilíochta agus ar chomhroinnt sonraí agus anailíse i gcomhthéacs an Chórais luathrabhaidh agus ullmhachta agus COI. Thairis sin, cothóidh EASO an comhar le Frontex sa tacaíocht oibríochta trí chomhordú a dhéanamh ar iarrachtaí nuair a bhíonn tacaíocht á soláthar do thíortha AE+ agus trí bhreathnú ar leas a bhaint as sineirgí breise maidir le bainistiú teorainneacha agus maidir le riachtanais um chosaint idirnáisiúnta a shainaithint. Déanfaidh EASO forbairt ar an gcomhar atá aige le Frontex ar fhorbairt na ngníomhaíochtaí ábhartha i réimse na gné seachtraí in 2016. Coinneoidh Frontex agus EASO ar bun a gcomhar i dtaobh gníomhaíochtaí a chéile maidir leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear i gcomhthéacs a gcuid fóram comhairleach faoi seach. In 2016, leanfaidh EASO ag glacadh páirte i bhfóram comhairleach Frontex.

FRA

Leanfaidh FRA agus EASO ag forbairt ar an gcomhar atá ann cheana in 2016 ag teacht leis an socrúchán oibre a shínigh an dá ghníomhaireacht i Meitheamh na bliana 2013. Leanfaidh FRA agus EASO ag comhroinnt faisnéise, ag soláthar ionchuir do ghníomhaíochtaí taighde agus ag comhroinnt modheolaíochtaí taighde agus modhanna bailithe sonraí. Leanfaidh an dá eagraíocht lena gcomhar i réimse na hoiliúna, chun dlús a chur le malartú dea-chleachtais, faisnéise agus saineolais i dtaca le cearta bunúsacha. In 2016, leanfar den chomhar maidir le gníomhaíochtaí comhairliúcháin a chéile.

eu-LISA

Leanfaidh EASO agus eu-LISA de chur chun feidhme a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa socrúchán oibre a shínigh an dá ghníomhaireacht i Samhain na bliana 2014, mar thoradh ar chomhbhearta a tuaradh sa chlár oibre Eorpach don imirce freisin.

7.1.4. Comhar leis an lucht léinn agus le comhaltaí binsí agus cúirteanna

Díríonn EASO aird ar leith ar chaidreamh leis an lucht léinn agus le comhaltaí bhinsí agus chúirteanna thíortha na hEorpa agus na dtíortha AE+.

Beidh baint an lucht léinn le hobair EASO ar bhealaí éagsúla in 2016, lena n-áireofar gníomhaíochtaí forbartha oiliúna, agus beidh príomhról aige go fóill san Fhóram Comhchomhairleach agus i gcruinnithe saineolaithe.

Le linn 2016, beidh dlúthchomhar idir EASO agus comhaltaí binsí agus cúirteanna, lena n-áirítear trí Chumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dlí Dídeanaithe (IARLJ) agus a chaibidil Eorpach, chomh maith le Cumann Breithiúna Riaracháin na hEorpa (AEAJ).

Na gníomhaíochtaí nithiúla a bhaineann leis an gcomhar leis an lucht léinn agus le comhaltaí na mbinsí agus na gcúirteanna, a fhorbrófar le linn 2016, tá siad sainithe cheana féin i Rannán 2.4 thuas.

Líonra comhair EASO		
Cuspóir(í) EASO	Déanfaidh EASO sineirgí iltreocha a chur chun cinn i measc gach páirtí leasmhair ábhartha dá líonra comhair. Neartóidh EASO cur chuige comhordaithe, an sreabhadh faisnéise agus an choinbhéirseacht agus an comhleanúnachas beartas agus cleachtas a bhaineann lena shainordú.	
Nua in 2016	Bealaí chun rannpháirtíocht na mball de líonra EASO a spreagadh ar shaincheisteanna ar leibhéal straitéiseach agus cothrománach. Aghaidh a thabhairt ar cheisteanna tráthúla a bhaineann le beartais agus cleachtais le haghaidh an CEAS a chur chun feidhme.	
Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Córas ceisteanna EASO a chomhdhlúthú agus a fhorbairt tuilleadh chun aghaidh a thabhairt go tráthúil ar cheisteanna a bhaineann le beartais agus cleachtais le haghaidh CEAS a chur chun feidhme.	R1-R4	Líon na gceisteanna a dtabharfar aghaidh orthu. An mheántréimhse ama chun aghaidh a thabhairt ar an gceist. Úsáid na dtuarascálacha ceiste. Leibhéal sástachta na mBallstát.
Ceithre chruinniú de chuid an choiste teagmhála a eagrú i gcomhpháirt leis an gCoimisiún Eorpach.	R1-R4	Líon na gcomhchruinnithe de chuid an choiste teagmhála arna n-eagrú.
Táirge amháin ar a laghad ag a bhfuil raon cothrománach a fhorbairt i gcomhar le líonra páirtithe leasmhara EASO.	R3-R4	Ábharthacht an téama chothrománaigh a dtabharfar aghaidh air leis an táirge. Úsáid an táirge. Líon na gcóipeanna arna ndáileadh.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3401 Comhar le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara: EUR 30 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An oifig feidhmiúcháin 1 AD, 1 CA	

7.2. An fóram comhchomhairleach

Meicníocht is ea an Fóram Comhchomhairleach chun faisnéis a mhalartú agus chun eolas a chomhthiomsú idir EASO agus páirtithe leasmhara ábhartha. Le 5 bliana anuas, tá EASO tar éis a chaidreamh leis an tsochaí shibhialta a dhoimhniú agus tá comhairle lorgtha aige ón tsochaí shibhialta ar théamaí éagsúla. Le linn na bliana 2016, ag teacht le féilire comhairliúcháin EASO, leanfaidh EASO i mbun comhairle le heagraíochtaí cuí ar théamaí sonracha, agus úsáid á baint aici as na critéir roghnúcháin a thugtar i bplean oibríochta an Fhóraim Chomhchomhairligh. Rachaidh EASO i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta freisin le linn na céime dréachtaithe de chlár oibre 2017, den tuarascáil bhliantúil agus de tháirgí eile agus é ag baint úsáide as réimse uirlisí a measadh a bheith oiriúnach agus éifeachtúil go dtí seo.

Le linn 2016, déanfaidh EASO tuilleadh forbartha ar a ardán ríomhchomhairliúcháin. Eagrófar gníomhaíochtaí comhairliúcháin sainiúla do ghrúpaí ar leith, amhail comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí. Bunaithe ar an taithí ar na himeachtaí i mblianta roimhe seo, eagróidh EASO comhdháil a bheidh oscailte don tsochaí shibhialta agus cruinniú iomlánach sa cheathrú ráithe de 2016.

An fóram comhchomhairleach

Cuspóir(í) EASO	Leanfaidh EASO ar aghaidh ag glacadh páirte in idirphlé dhá bhealach le heagraíochtaí ábhartha sochaí sibhialta chun saineolas agus eispéiris a chomhroinnt agus chun dul i gcomhairle i dtaobh cháipéisí agus ghníomhaíochtaí ábhartha EASO.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Dul i gcomhairle le heagraíochtaí ábhartha sochaí sibhialta maidir le cáipéisí tábhachtacha EASO, amhail an clár oibre, an tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE agus an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí.	R1-R4	Líon agus cineál na gcomhairliúchán arna ndéanamh. Líon na n-eagraíochtaí a ndeachthas i gcomhairle leo. Líon na n-aighneachtaí arna bhfáil. Úsáid na n-aighneachtaí arna bhfáil.
Cruinniú iomlánach bliantúil an fhóraim chomhchomhairligh a eagrú.	R4	Cruinniú iomlánach arna eagrú. Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ón gcruinniú iomlánach.
Comhdháil bhliantúil EASO ina mbeidh eagraíochtaí sochaí sibhialta páirteach a eagrú.	R4	Líon na rannpháirtithe ó eagraíochtaí sochaí sibhialta. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe.
Ardán ríomhchomhairliúcháin a fhorbairt.	R1-R4	Líon na gcomhairliúchán arna seoladh ar an ardán ríomhchomhairliúcháin. Líon na n-aighneachtaí arna bhfáil. Úsáid na n-aighneachtaí arna bhfáil.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	3401 Comhar le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara: EUR 90 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An oifig feidhmiúcháin 1 AD, 0.5 CA, 0.5 AST	

7.3. Struchtúr eagrúcháin EASO in 2016



Tá struchtúr inmheánach rialachais agus riaracháin EASO comhdhéanta de Bhord Bainistíochta agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

Is é an Bord Bainistíochta bord rialachais agus pleanála EASO. Áireofar lena phríomhfheidhmeanna in 2016 glacadh chláir oibre agus thuarascálacha bliantúla EASO agus glacadh an bhuiséid. Thairis sin, cinnteoidh an Bord Bainistíochta go gcomhlíonfaidh EASO a chuid dualgas go héifeachtach.

Bord bainistíochta		
Cuspóir(í) EASO	Féachann EASO lena chinntiú go leanfaidh a Bord Bainistíochta ar aghaidh ag comhlíonadh a cuid cúraimí mar chomhlacht rialachais agus pleanála de chuid EASO ar shlí éifeachtach éifeachtúil.	
Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Trí chruinniú ar a laghad de chuid an bhoird bhainistíochta a eagrú agus an rogha ann tuilleadh cruinnithe a chur ar bun ar thionscnamh an chathaoirligh nó ar iarratas ó aon trian dá chomhaltaí.	R1-R4	Líon na gcruinnithe. Líon na rannpháirtithe. Líon na gcinntí arna nglacadh. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
An tuarascáil bhliantúil, an tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE agus an cháipéis clár aonair a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú.	R2	An tuarascáil bhliantúil a bheith glactha agus foilsithe. Líon na bpáirtithe leasmhara ag soláthar ionchuir don tuarascáil bhliantúil. Úsáid na tuarascála bliantúla.
An rúnaíocht don bhord bainistíochta a chur ar fáil.	R1-R4	Líon na gcumarsáidí le comhaltaí an bhoird bhainistíochta. Leibhéal sástachta chomhaltaí an bhoird bhainistíochta.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	2306 Cineálacha caiteachais ar chruinnithe riaracháin Inmheánacha agus Seachtracha: EUR 200 000	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An oifig feidhmiúcháin 0.5 AD, 0.5 CA	

Tá an stiúrthóir feidhmiúcháin neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid cúraimí dó agus is é ionadaí dlíthiúil EASO é. Tá an stiúrthóir feidhmiúcháin freagrach as, i measc nithe eile, bainistiú riaracháin EASO agus as cur chun feidhme an chláir oibre agus chinntí an bhoird bhainistíochta.

Tacaíonn na Cinn Aonaid/Lárionaid, an tOifigeach Cuntasaíochta agus Oifig Feidhmiúcháin leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Ní réamh-mheastar go ndéanfar aon athruithe in 2016 ar struchtúr inmheánach EASO, a bheidh comhdhéanta de cheithre Aonad/Lárionad, eadhon:

- an tAonad Gnóthaí Ginearálta agus Riaracháin (GAAU)
- an Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse (CIDA)
- an Lárionad um Thacaíocht Oibríochta (COS)
- an Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais (CTQE)

7.4. Cumarsáid EASO

Ar aon dul lena Straitéis Chumarsáide athbhreithnithe a glacadh in 2014, cuirfidh EASO tuilleadh feabhais ar a hiarrachtaí inmheánacha agus seachtracha cumarsáide.

Príomhchainéal cumarsáide EASO, is é sin, suíomh gréasáin EASO (http://www.easo.europa.eu), comhlánófar é le cainéil éagsúla eile (an preas scríofa agus closamhairc; rannpháirtíocht in ócáidí; láithreoireachtaí agus taispeántais ar obair agus ghníomhaíochtaí EASO; foilseacháin agus tuarascálacha; nuachtlitir mhíosúil EASO; preaseisiúintí; agus sleachta laethúla preasa lena n-úsáid go hinmheánach). Scrúdóidh EASO bealaí chun a shuíomh gréasáin a fhorbairt agus a nuashonrú tuilleadh ar aon dul le haiseolas na n-úsáideoirí agus é ag baint úsáid as an dea-chleachtas atá le sonrú i suíomhanna gréasáin cosúla. Leanfaidh EASO ar aghaidh ag neartú an chomhair phraiticiúil sa líonra iolraitheoirí cumarsáide náisiúnta, cruinniú comhairliúcháin le hiriseoirí a reáchtáil agus a líonra cumarsáide inmheánaí a fhorbairt tuilleadh trí chomhphointe, trí chur teachtaireachtaí agus trí phrótacal Idirlín guthaithe.

Tá sé ar cheann de phríomhchuspóirí cumarsáide EASO teagmháil a dhéanamh le gach oifigeach tearmainn agus fáiltithe sna tíortha AE+ agus le spriocghrúpaí ábhartha eile d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoinár gcuid príomhtháirgí agus go bhfuil fáil acu orthu, lena n-áirítear foilseacháin agus preaseisiúintí.

Ina theannta sin, déanfaidh EASO dianiarracht foilseacháin ardchaighdeáin a tháirgeadh atá dírithe ar spriocghrúpaí éagsúla. Thairis sin, féachann EASO lena chuid foilseachán agus ábhar oiliúna a aistriú a mhéid is féidir chun a chinntiú go bhfuil rochtain leathan orthu.

Gníomhaíochtaí cumarsáide EASO

Cuspóir(í) EASO	Ról, luachanna, gníomhaíochtaí agus obair na gníomhaireachta a chur in iúl agus a chur chun cinn ar aon dul le straitéis chumarsáide EASO. Díreoidh EASO ar an gcúram atá ar an ngníomhaireacht an comhar praiticiúil i measc na dtíortha AE+ ar an iliomad gnéithe de thearmann a éascú, a chomhordú agus a neartú.
Nua in 2016	Eagróidh EASO feachtas faisnéise chun 5 bliana i mbun oibríochtaí a shonrú

Feidhmíocht

Gníomhaíochtaí EASO in 2016	Cén uair	Táscairí
10 n-eagrán ar a laghad de nuachtlitir EASO a eisiúint agus cur le líon na síntiúsóirí.	R1-R4	Líon na n-eagrán de nuachtlitir EASO. Leibhéal sástachta na síntiúsóirí. Céatadán an ardaithe i líon na síntiúsóirí don nuachtlitir.
Cruinniú faisnéise agus líonraithe a eagrú d'iolraitheoirí cumarsáide EASO.	R3-R4	Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ón gcruinniú.
Cruinniú faisnéise a eagrú d'iriseoirí atá ag oibriú i réimse an tearmainn.	R3-R4	Líon na rannpháirtithe. Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. Úsáid an aschuir ón gcruinniú.
Lá faisnéise EASO a eagrú agus 5 bliana d'oibríochtaí EASO a chomóradh.	R2	Líon na ndeasc faisnéise. Líon na n-oifigeach de chuid EASO a thabharfaidh láithreoireachtaí. Líon na dtíortha AE+ atá páirteach.
12 phreasráiteas ar a laghad a eisiúint.	R1-R4	Líon na bpreaseisiúintí. Úsáid na bpreaseisiúintí.
Faireachán a dhéanamh ar chlúdach preasa EASO agus na hailt is tábhachtaí a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin.	R1-R4	Líon na n-alt san áireamh sa chartlann phreasa. Líon na n-alt arna bhfoilsiú ar an suíomh gréasáin.
Eisiúint sleachta preasa laethúla inmheánacha.	R1-R4	Líon na sleachta preasa laethúla inmheánacha. Leibhéal sástachta na léitheoirí.
Sé agallamh ardleibhéil ar a laghad a reáchtáil leis an bpreas.	R1-R4	Líon na n-agallamh ardleibhéil leis an bpreas.
Comhordú a dhéanamh ar fhoilseacháin agus aistriúcháin EASO agus an caighdeán is airde a áirithiú ina dtaobh.	R1-R4	Líon na bhfoilseachán agus na n-aistriúchán. Úsáid fhoilseacháin EASO. Leibhéal sástachta na n-úsáideoirí.
Cur chun feidhme iomlán aitheantas físe EASO a chinntiú.	R1-R4	Úsáid aitheantas físe EASO.
Cur le líon na gcuairteoirí ar shuíomh gréasáin EASO.	R1-R4	Céatadán an ardaithe i líon na gcuairteoirí ar shuíomh gréasáin EASO.

Feidhmíocht		
Gníomhaíochtaí EASO in 2016	**Cén uair**	**Táscairí**
Freagraí tráthúla ar fhiosruithe a fhaightear ón bpobal agus ón bpreas a chinntiú.	R1-R4	An fráma ama inar tugadh freagraí ar fhiosruithe. Úsáid na bhfreagraí.
Bosca poist faisnéise EASO a bhainistiú go héifeachtúil.	R1-R4	Líon na n-iarratas agus na bhfreagraí. An fráma ama inar tugadh freagra ar iarratais. Úsáid bhosca poist faisnéise EASO.
Líne buiséid agus an méid atá leithdháilte	2309 Costais aistriúchán agus ateangaireachta riaracháin: EUR 470 000. 2310 Foilseacháin riaracháin: EUR 40 000. 2311 Cumarsáid: EUR 100 000.	
Acmhainní daonna agus an fhoireann atá leithdháilte	An oifig feidhmiúcháin 1 AD, 1 CA	

7.5. Riarachán EASO

Maidir le struchtúr riaracháin EASO, leanfaidh an ghníomhaireacht ar aghaidh ag saothrú a príomhchuspóra, is é sin, seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar d'fhonn a misean agus a cuid cuspóirí a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Féadfar tuilleadh forbartha a dhéanamh ar eagraíocht EASO ag teacht le cur chun feidhme an chur chuige chomhchoitinn ar ghníomhaireachtaí díláraithe AE agus a threochláir, le torthaí na meastóireachtaí inmheánacha agus seachtracha ar EASO agus leis na hiniúchtaí arna gcur i gcrích ag an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach agus ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Forálann EASO i gcomhair na bliana 2016 d'infheistíocht d'fhonn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar nósanna imeachta inmheánacha éifeachtacha, chun cur le rialuithe inmheánacha na heagraíochta, chun ardoiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne ar gach ábhar a bhaineann le EASO, rud a chuirfidh le tógáil acmhainne agus le forbairt gairme, chun leanúint ar aghaidh leis na próisis earcaíochta agus chun tacú leis na haonaid/lárionaid oibríochta.

Díreofar go háirithe ar chórais TF agus bhainistíochta eolais EASO, d'fhonn treisiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí tacaíochta EASO do Bhallstáit, lena n-áirítear tríd an ardán foghlama, tríd an tairseach um fhaisnéis faoin tír thionscnaimh, tríd an gCóras Faisnéise agus Cáipéisíochta agus trí shuíomh gréasáin EASO. Ina theannta sin, déanfar arduirlisí comhairliúcháin a fhorbairt. De bhreis air sin, cothóidh EASO tuilleadh comhdhlúthaithe agus tuilleadh feabhais ar an gcreat leanúnachais ghnó TFC, ar na nósanna imeachta agus na cleachtais maidir le slándáil faisnéise, ar a athléimní atá fíordheimhniú cliaint agus an chónaidhm comhpháirtithe agus, sa deireadh, ar luas agus éifeachtúlacht iomlán an bhonneagair.

7.5.1. Forbhreathnú foirne agus buiséid EASO do 2016 ([9])

Tá comhlíonadh chuspóirí EASO faoi réir na hacmhainní daonna, airgeadais agus ábhartha a bhfuil gá leo a bheith ar fáil. Dá réir sin, déantar na figiúirí atá san áireamh san fhorbhreathnú foirne agus buiséid anseo thíos a leagan amach gan dochar do chinntí an Údaráis Bhuiséadaigh ar an mbuiséad bliantúil agus ar an bplean bunaithe.

([9]) Na figiúirí uile a bhaineann leis an bhfoireann agus leis na leithreasuithe sa rannán seo, tá siad faoi réir buiséad ginearálta de chuid AE 2016 a bheith glactha ag an Údarás Buiséadach.

7.5.1.1. Forbhreathnú foirne do 2016

I bhfianaise a misin agus na gcúraimí atá uirthi, eagraíocht is ea EASO óna dteastaíonn a lán acmhainní daonna, toisc go gcuireann sé comhar praiticiúil chun cinn agus go soláthraíonn sé saineolas don Aontas Eorpach agus do Bhallstáit d'fhonn CEAS a chur chun feidhme.

Dá bhrí sin, ba chóir acmhainní daonna EASO a mhéadú in 2016 i gcomparáid le 2015 le go mbeidh sé in ann comhlíonadh a dhéanamh ar na cúraimí a cuireadh ar dtús, ar na cúraimí nua a leagadh air leis an *acquis* athmhúnlaithe maidir le tearmann (e.g. na cúraimí a cuireadh ar EASO leis an gclár oibre Eorpach don imirce agus le cáipéisí eile de chuid Institiúidí AE, agus ar na cúraimí inmheasta sa todhchaí a gcinnfidh Institiúidí AE iad in 2015 agus in 2016, mar thoradh ar an meastóireacht sheachtrach ar EASO freisin).

De réir dhréacht-Bhuiséad AE 2016 agus phlean beartais foirne ilbhliantúil (MSSP) EASO 2016-2018, méadóidh EASO faoi dhá AD agus 10 CA i gcomparáid leis an mbliain 2015. Sroichfidh sí 106 mball foirne (61 ghníomhaire sealadach, 33 ghníomhaire conartha agus 12 shaineolaí náisiúnta ar iasacht) san iomlán. Dáilfear an leithdháileadh in aghaidh an aonaid mar seo a leanas:

Aonad	Baill Foirne
Stiúrthóir feidhmiúcháin	1
An oifig feidhmiúcháin	8
Cuntasaíocht	2
An lárionad um thacaíocht oibríochta (COS)	19
An lárionad faisnéise, cáipéisíochta agus anailíse	20
An lárionad oiliúna, cáilíochta agus saineolais	18
An díorma um bainistíocht clár	5
An t-aonad gnóthaí ginearálta agus riaracháin	33
Iomlán na mball foirne	106

Ar aon dul leis na Rialacháin Foirne agus na rialacha cur chun feidhme a ghlac an Ghníomhaireacht in 2014 agus in 2015, déanfar tuilleadh cuir chun feidhme ar bheartais forbartha foirne chun tógáil acmhainne agus forbairt gairme leordhóthanach a áirithiú, mar aon le deiseanna nua do bhaill foirne EASO.

7.5.1.2. Forbhreath nú buiséid do 2016

Tá ioncam EASO comhdhéanta de ranníocaíocht ón Aontas Eorpach arna hiontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh; aon ranníocaíocht dheonach ó na Ballstáit; muirir ar fhoilseacháin agus ar aon seirbhís a chuireann EASO ar fáil; agus ranníocaíochtaí ó na tíortha gaolmhara.

Mar gheall ar ábharthacht fhóirdheontas AE laistigh de bhuiséad EASO, tá sé ríthábhachtach acmhainní riachtanacha a leithdháileadh d'fhonn na cuspóirí atá leagtha amach san achoimre ar chlár oibre EASO 2016 a bhaint amach agus ba chóir iad a mhéadú i gcomparáid le 2015.

D'iarr EASO ioncam ar bhealach fónta cothrom agus déanfaidh sé cinnte go mbeidh an caiteachas á rialú go stuama, d'fhonn cúraimí reatha agus cúraimí nua amach anseo a chomhlíonadh go héifeachtach agus go caoithiúil. Leanfaidh EASO ar aghaidh lena chur chuige ó bhun aníos maidir le buiséadú agus beidh gach aonad/lárionad i dtimthriall buiséadach EASO páirteach ann. De réir dhréacht-bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais

2016 ([10]), is ionann an ranníocaíocht bheartaithe ón Aontas Eorpach le EASO do 2016 agus EUR 15.5 mhilliún. Anuas air sin, beidh an ranníocaíocht ó na tíortha gaolmhara atá ag glacadh páirte in EASO cothrom le thart ar EUR 350 000 ([11]), ag sroicheadh caiteachas iomlán ionchais in 2016 a bheidh cothrom le thart ar EUR 15.89 milliún.

Tá an dáileadh seo a leanas de réir Teideal sna dréachtmheastacháin shealadacha agus sa chaiteachas don bhliain 2016:

Caiteachas 2016 Figiúirí in EUR	Leithreasuithe gealltanais	Leithreasuithe íocaíochta
Teideal 1 — Caiteachas foirne	6 519 600	6 519 600
Teideal 2 — Caiteachas bonneagair agus oibriúcháin	2 954 000	2 954 000
Teideal 3 — Caiteachas oibríochta	6 416 000	6 416 000
Caiteachas iomlán	**15 889 600**	**15 889 600**

Teideal 1: Caiteachas foirne

Baineann Teideal 1 le caiteachas ar an bhfoireann, ar chostais foirne (e.g. costais na misean, costais oiliúna) agus ar thuarastal. I bhfianaise chineál ghníomhaíochtaí EASO, tá costais áirithe a bhaineann le hoibríochtaí le fáil faoi Theideal 1. Clúdaítear faoi Theideal 1 costais d'fhoireann oibríochta agus costais d'fhoireann riaracháin a éascaíonn oibríochtaí EASO, amhail foirne tacaíochta tearmainn, cruinnithe saineolaithe agus oiliúint. Clúdaítear faoi Theideal 1 freisin na costais a bhaineann le misin riaracháin, cé go bhfuil costais mhisin bhaill foirne EASO a bhfuil baint dhíreach acu le hoibríochtaí EASO clúdaithe faoi Theideal 3.

Teideal 2: Caiteachas bonneagair agus oibriúcháin

Baineann Teideal 2 le caiteachas ar chostais riaracháin le haghaidh na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

- Fáil foirgneamh ar cíos agus costais ghaolmhara: EUR 1 020 000.
- TFC: EUR 550 000. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach n-áirítear le Teideal 2 cineálacha caiteachas oibríochta TF ar nós costas tairsí gréasáin, atá mar chuid den chaiteachas faoi Theideal 3.
- Cruinnithe bhord bainistíochta EASO agus cruinnithe eile: EUR 200 000; ba chóir a thabhairt chun suntais go gclúdaítear faoi Theideal 2 na costais maidir le foilseacháin chorparáideacha agus cumarsáid chorparáideach, ach nach n-áirítear leis na costais maidir le tuarascálacha a fhoilsiú faoi na gníomhaíochtaí oibríochta éagsúla, m.sh. an tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE agus na tuarascálacha ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh lena gcuimsítear an caiteachas faoi Theideal 3.

Teideal 3: Caiteachas oibríochta

Tá léargas le fáil sa tábla seo a leanas ar an mbuiséad sannta faoi Theideal 3 do na cúraimí difriúla, a mínítear an caiteachas ina leith go mionsonraithe sna caibidlí roimhe seo. Clúdaítear faoi Theideal 3 freisin na misin oibríochta arna ndéanamh ag baill foirne EASO (i.e. misin a dtugtar fúthu mar thacaíocht dhíreach do ghníomhaíochtaí oibríochta arna sainaithint sa Chlár Oibre seo ar aon dul le sainchúram EASO) mar aon le gach costas a bhaineann go díreach le cur chun feidhme gníomhaíochtaí oibríochta (e.g. dáileadh ábhar, iompar, lónadóireacht, ionaid a fháil ar cíos i gcomhair gníomhaíochtaí lasmuigh d'áitreabh EASO, nó trealamh teicniúil).

([10]) COM (2015)300 — Meitheamh 2015.

([11]) I bhfeidhmiú an tsocrúcháin maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua in obair EASO, cuirfidh an Iorua suim bhliantúil ar fáil arna ríomh de réir a hOlltáirgeachta Intíre (OTI) mar chéatadán de OTI na mBallstát ar fad atá páirteach. Beidh na figiúirí deiridh maidir le OTI na hIorua ar fáil an 31 Márta 2016. Tá EASO ag súil le teacht i bhfeidhm socrúchán leis an Eilvéis, le Lichtinstéin agus leis an Íoslainn, rud a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar an ioncam a fhaigheann EASO.

Teideal 3 ([11])	**Cineálacha caiteachas oibríochta**	**6 416 000**
Caib. 31	**Tacaíocht do chur chun feidhme CEAS**	**880 000**
3101	Tuarascáil bhliantúil ar thearmann	150 000
3102	Luathrabhadh agus anailís ar shonraí	650 000
3103	Córas faisnéise agus cáipéisíochta	80,000
Caib. 32	**Tacaíocht do chomhar praiticiúil na mBallstát**	**3 125 000**
3201	Oiliúint EASO	1 500 000
3202	Próisis cháilíochta ([12])	475 000
3203	Faisnéis faoin tír thionscnaimh	920 000
3204	Athlonnú agus gné sheachtrach	230 000
Caib. 33	**Tacaíocht oibríochta**	**2 281 000**
3301	Tacaíocht oibríochta	2 281 000
Caib. 34	**Comhar le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara**	**130 000**
3401	Comhar le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara	130 000

Aon chúraimí nua a chuirfear ar EASO mar a chinnfidh institiúidí AE, ba ghá iad a chistiú go cuí agus acmhainní cuí a chur ar fáil dóibh le go mbeadh an Ghníomhaireacht in ann iad a chomhlíonadh go héifeachtach.

([12]) Lena n-áirítear misin oibríochta arna ndéanamh ag baill foirne EASO.

([13]) Lena n-áirítear mionaoisigh gan tionlacan agus gáinneáil ar dhaoine.

Liosta giorrúchán

AEAJ	Cumann bhreithiúna riaracháin na hEorpa
DIT	An Díorma um Idirghabháil Tearmainn
APD	An treoir um nósanna imeachta tearmainn
AST	Foireann tacaíochta tearmainn
CEAS	An comhchóras Eorpach tearmainn
CEPOL	An Coláiste Eorpach Póilíneachta
COI	Faisnéis faoin tír thionscnaimh
EASO	An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn
EIGE	An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne
EMCDDA	An lárionad faireacháin Eorpach um dhrugaí agus andúil i ndrugaí
EMN	Gréasán imirce na hEorpa
ENPI	An Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht
EPRA	Ardán Eorpach na ngníomhaireachtaí fáiltithe
EPS	Córas luathrabhaidh agus ullmhachta
COMHLACHTAÍ	An tAontas Eorpach
eu-LISA	An Ghníomhaireacht Eorpach um Bainistíocht Oibríochtúil na gCóras TF ar Mhórscála i Réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais
Eurojust	Aonad an Aontais Eorpaigh um chomhar breithiúnach
Europol	An Oifig Eorpach Póilíní
FRA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha
Frontex	An Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh
GDISC	Comhdháil stiúrthóirí ginearálta na seirbhísí inimirce
GIS	Córas faisnéise geografaí
GPS	An grúpa um staidreamh a sholáthar
IALN	An Líonra dlíthiúil idir-ghníomhaireachta
IARLJ	Cumann idirnáisiúnta na mbreithiúna dlí dídeanaithe
IDS	Córas faisnéise agus cáipéisíochta
IGC	Comhairliúcháin idir-rialtasacha ar imirce, tearmann agus dídeanaithe
IOM	An Eagraíocht idirnáisiúnta um imirce
CGB	Ceartas agus gnóthaí baile
MFF	Creat airgeadais ilbhliantúil
MSPP	Plean beartais foirne ilbhliantúil
NCP	Pointe teagmhála náisiúnta
OLAF	An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise
RDPPanna	Cláir um fhorbairt agus chosaint réigiúnach
SMART	Sonrach, intomhaiste, indéanta, réalaíoch agus faoi cheangal ama
THB	Gáinneáil ar dhaoine
UNHCR	Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe

Iarscríbhinní

Liosta táscach EASO de nósanna imeachta soláthair phoiblí in 2016

	Gníomhaíocht oibríochta	Beart mar atá sainithe sa Phlean Oibre	Ábhar an chonartha	Cineál an chonartha	Luach an chonartha, EUR	An fráma ama le haghaidh an nós imeachta soláthair a sheoladh	Nós imeachta soláthair/ conraitheoireachta
1	Oiliúint EASO	Rannán 2.1	Measúnacht Tionchair — taighde ar churaclam oiliúna EASO	Creatchonradh díreach i gcomhair seirbhíse	100 000	R1-R2	Nós imeachta oscailte
2	Oiliúint EASO	Rannán 2.1	Seirbhísí comhairliúcháin i gcomhair deimhniú agus creidiúnú	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	60 000	R1-R4	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 60 000
3	Oiliúint EASO	Rannán 2.1	Timpeallacht Córas Bainistíochta Foghlama agus soláthar seirbhísí gaolmhara	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	550 600	R1-R4	Creatchonradh EASO/2015/322
4	Oiliúint EASO	Rannán 2.1	Saineolaithe neamhspleácha i gcomhair gníomhaíochtaí oiliúna	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	26 100	R1-R3	Glao ar léiriú spéise (CEI) EASO/2015/280
5	Oiliúint EASO	Rannán 2.1	Conradh Idirlinne i gcomhair an Córas Bainistíochta Foghlama a óstáil	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	1 000	R1	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 15 000
6	Oiliúint EASO	Rannán 2.1	I gcomhair modúl oiliúna ar ardán ríomhfhoghlama	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	150 000	R1-R4	Creatchonradh reatha EASO/2014/224
7	Tacaíocht Cháilíochta	Rannán 2.2	Seirbhísí i gcomhair uirlisí praiticiúla	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	15 000	R2	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 15,000
8	Tacaíocht Cháilíochta	Rannán 2.2	Eagrú imeachtaí (ionad)	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	20 000	R1-R4	Creatchonradh EASO/2015/271 sa todhchaí i gcomhair Eagrú Imeachtaí
9	Faisnéis faoin tír thionscnaimh	Rannán 2.3	Seirbhísí cothabhála, óstála agus forbartha TF don tairseach COI	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	150 000	R1-R4	Creatchonradh EASO/2013/101
10	Faisnéis faoin tír thionscnaimh	Rannán 2.3	Aistriú agus foilsiú na dtuarascálacha COI	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	200 000	R1-R4	Comhaontú seirbhíse reatha le hOifig na bhFoilseachán/ Ionad Aistriúchain Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT)
11	Oiliúint EASO, Tacaíocht Cháilíochta, Cláir Shonracha	Rannán 2.1, Rannán 2.2, Rannán 2.4	Aistriúcháin/ Eagarthóireacht	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	317 000	R1-R4	Comhaontú seirbhíse reatha le hOifig na bhFoilseachán/CdT
12	Oiliúint EASO, Tacaíocht Cháilíochta, Cláir Shonracha	Rannán 2.1 Rannán 2.2, Rannán 2.4	Foilseacháin	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	110 000	R1-R4	Comhaontú seirbhíse reatha le hOifig na bhFoilseachán/CdT
13	Oiliúint EASO, Tacaíocht Cháilíochta, Cláir Shonracha	Rannán 2.1, Rannán 2.2, Rannán 2.4	Lónadóireacht	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	35 000	R1-R4	Creatchonradh reatha EASO/2013/113 i gcomhair lónadóireachta

	Gníomhaíocht oibríochta	Beart mar atá sainithe sa Phlean Oibre	Ábhar an chonartha	Cineál an chonartha	Luach an chonartha, EUR	An fráma ama le haghaidh an nós imeachta soláthair a sheoladh	Nós imeachta soláthair/ conraitheoireachta
14	Tacaíocht Oibríochta	Rannán 3.1	Costais taistil agus charrchíosa na saineolaithe	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	150 000	R1-R4	Creatchonradh idirinstitiúideach PMO2/PR/2013/001
15	Tacaíocht Oibríochta	Rannán 3.1	Seirbhísí iompair	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	30 000	R1-R4	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 60,000
16	Tacaíocht Oibríochta	Rannán 3.1	Soláthar trealaimh i gcomhair tacaíocht oibríochta	Creatchonradh i gcomhair seirbhíse	200 000	R1-R4	Nós imeachta oscailte
17	Tacaíocht Oibríochta	Rannán 3.1	Soláthar seirbhísí cumarsáide	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	15 000	R1-R2	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 15,000
18	Tacaíocht Oibríochta	Rannán 3.1	Seirbhísí ateangaireachta	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	100 000	R1-R4	Creatchonradh EASO/2015/257 sa todhchaí i gcomhair Ateangaireachta
19	Tacaíocht Oibríochta	Rannán 3.1	Fáil saoráidí ar cíos i gcomhair oibríochtaí	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	50 000	R1-R4	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 60,000
20	An Díorma um Idirghabháil Tearmainn	Rannán 3.2	Soláthar seirbhísí chun córas an Díorma um Idirghabháil Tearmainn a fhorbairt	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	75 000	R1-R2	Creatchonradh idirinstitiúideach le DIGIT
21	Liosta de na teangacha a bhfuil fáil orthu	Rannán 3.3	Soláthar trealaimh agus seirbhísí i gcomhair treoir-réiteach teicniúil LAL	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse/ soláthairtí	15 000	R2-R4	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 15,000
22	Réitigh theicniúla	Rannán 3.4	Seirbhísí eagraí/ éascaitheora imeachtaí	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	15 000	R1-R2	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 15,000
23	Réitigh theicniúla	Rannán 3.4	Trealamh closamhairc	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	30 000	R1-R2	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 60,000
24	Réitigh theicniúla	Rannán 3.4	Soláthar trealaimh - réitigh theicniúla	Creatchonradh i gcomhair seirbhíse	15 000	R1-R4	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 15,000
25	Réitigh theicniúla	Rannán 3.4	Soláthar seirbhísí comhairliúcháin i gcomhair réiteach teicniúil	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	15 000	R1-R4	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 15,000
26	Réitigh theicniúla	Rannán 3.4	Tacaíocht a chur ar fáil do Bhallstáit AE+ réitigh theicniúla nithiúla a fhorbairt le haghaidh córas tearmainn agus fáiltithe.	Creatchonradh i gcomhair seirbhíse	100 000	R1-R4	Nós imeachta oscailte
27	Fáiltiú	Rannán 3.5	Fáil saoráidí ar cíos	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	20 000	R1-R4	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 60,000

	Gníomhaíocht oibríochta	Beart mar atá sainithe sa Phlean Oibre	Ábhar an chonartha	Cineál an chonartha	Luach an chonartha, EUR	An fráma ama le haghaidh an nós imeachta soláthair a sheoladh	Nós imeachta soláthair/ conraitheoireachta
28	Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta	Rannán 4.1	Ceadúnais bhogearraí agus oiliúint/cothabháil	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	10 000	R2	Creatchonradh idirinstitiúideach
29	Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE	Rannán 4.2	Aistriú agus foilsiú na Tuarascála Bliantúla	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	130 000	R3	Comhaontú seirbhíse reatha le hOifig na bhFoilseachán/CdT
30	Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE	Rannán 4.2	Imeacht i gcomhair thuarascáil bhliantúil EASO a sheoladh	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	30 000	R3	Creatchonradh EASO/2015/271 sa todhchaí i gcomhair eagrú imeachtaí
31	Luathrabhadh agus ullmhacht	Rannán 4.3	Beart 3 den Chlár Taighde	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	100 000	R2	Nós imeachta oscailte
32	Luathrabhadh agus ullmhacht	Rannán 4.3	Beart 4 den Chlár Taighde	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	300 000	R4	Nós imeachta oscailte
33	Luathrabhadh agus ullmhacht	Rannán 4.3	Tuarascálacha Faisnéise Tíre	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	100 000	R2	Nós imeachta oscailte
34	Luathrabhadh agus ullmhacht	Rannán 4.3	Ceadúnais bhogearraí agus oiliúint/cothabháil	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	100 000	R3	Creatchonradh idirinstitiúideach
35	Tacaíocht tríú tír	Rannán 5.1	Seirbhísí iompair	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	10 000	R1-R4	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 15 000
36	Tacaíocht tríú tír	Rannán 5.1	Soláthar seirbhísí comhairliúcháin (measúnacht riachtanas agus uirlisí)	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	30 000	R1-R4	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 60 000
37	An Tionscadal ENPI	Rannán 5.1	Infheictheacht Físeáin ENPI	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	5 000	R1	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 15 000
38	An Tionscadal ENPI	Rannán 5.1	Marsantacht ENPI	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	3 000	R1	Nós Imeachta Idirbheartaithe < EUR 15 000
39	Tacaíocht Oibríochta EASO, an Díorma um Idirghabháil Tearmainn, Liosta de na teangacha a bhfuil fáil orthu, Réitigh theicniúla, Fáiltiú, Athshuíomh, An Filleadh agus an Rannpháirtíocht, Líonra Bhaile Átha Cliath, Tacaíocht tríú tír, Athlonnú	Rannáin 3.1, 3.2, 3.3, 3.4, 3.5, 3.6, 3.7, 3.8, 5.1, 5.2	Seirbhísí lónadóireachta	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	60 000	R1-R4	Creatchonradh reatha EASO/2013/113 i gcomhair lónadóireachta

	Gníomhaíocht oibríochta	Beart mar atá sainithe sa Phlean Oibre	Ábhar an chonartha	Cineál an chonartha	Luach an chonartha, EUR	An fráma ama le haghaidh an nós imeachta soláthair a sheoladh	Nós imeachta soláthair/ conraitheoireachta
40	Tacaíocht Oibríochta EASO, an Díorma um Idirghabháil Tearmainn, Liosta de na teangacha a bhfuil fáil orthu, Réitigh theicniúla, Fáiltiú, Athshuíomh, an Filleadh agus an Rannpháirtíocht, Líonra Bhaile Átha Cliath, Tacaíocht tríú tír, Athlonnú	Rannáin 3.1, 3.2, 3.3, 3.4, 3.5, 3.6, 3.7, 3.8, 5.1, 5.2	Eagrú imeachtaí	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	458 000	R1-R4	Creatchonradh EASO/2015/271 sa todhchaí i gcomhair Eagrú Imeachtaí
41	Tacaíocht Oibríochta EASO, an Díorma um Idirghabháil Tearmainn, Liosta de na teangacha a bhfuil fáil orthu, Réitigh theicniúla, Fáiltiú, Athshuíomh, An Filleadh agus an Rannpháirtíocht, Líonra Bhaile Átha Cliath, Tacaíocht tríú tír, Athlonnú	Rannáin 3.1, 3.2, 3.3, 3.4, 3.5, 3.6, 3.7, 3.8, 5.1, 5.2	Cóiríocht i Málta	Conarthaí sonracha i gcomhair seirbhíse	10 000	R1-R4	Creatchonradh reatha EASO/2013/116 i gcomhair cóiríochta
42	Tacaíocht Oibríochta EASO, an Díorma um Idirghabháil Tearmainn, an Filleadh agus an Rannpháirtíocht, Tacaíocht tríú tír, Athlonnú	Rannáin 3.1, 3.2, 3.7, 5.1, 5.2	Aistriúcháin agus foilseacháin	Comhaontú seirbhíse reatha le hOifig na bhFoilseachán/ CdT	260 000	R1-R4	Comhaontú seirbhíse reatha le hOifig na bhFoilseachán/CdT
43	Tacaíocht Oibríochta EASO, an Díorma um Idirghabháil Tearmainn, Liosta de na teangacha a bhfuil fáil orthu, Réitigh theicniúla, Tacaíocht tríú tír, Athlonnú	Rannáin 3.1, 3.2, 3.3, 3.4, 5.1, 5.2	Soláthar saineolaithe príobháideacha a fhaigheann luach saothair	Conradh díreach i gcomhair seirbhíse	107 000	R1-R4	CEI EASO/2015/280

Liosta EASO d'fhoilseacháin agus d'aistriúcháin in 2016

	Foilseachán	Líon na dteangacha
1	Clár oibre EASO 2017	24
2	Tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí EASO	24
3	Buiséad EASO	24
4	Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE	5
5	Tuarascáil oiliúna bhliantúil	1
6	Dhá Lámhleabhar um oiliúint EASO ar a laghad	1
7	Dhá Uirlis phraiticiúla ar a laghad de chuid EASO	18
8	Tuarascálacha téamacha um maitrís cháilíochta EASO	1
9	Caibidlí den churaclam i gcomhair chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí	5
10	Trí thuarascáil nó tháirge COI ar a laghad	5

CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AE

Foilseacháin saor in aisce:

- cóip amháin:
  ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- níos mó ná cóip amháin nó póstaeir/léarscáileanna:
  ó ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh (http://ec.europa.eu/represent_ga.htm),
  ó na toscaireachtaí i dtíortha neamh-AE (http://eeas.europa.eu/delegations/index_ga.htm),
  trí theagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís Europe Direct
  (http://europa.eu/europedirect/index_ga.htm)
  nó trí ghlaoch a chur ar 00 800 6 7 8 9 10 11 (uimhir shaorghlao as áit ar bith in AE) (*).

(*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:

- ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

BZ-AC-15-001-GA-N

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-9243-570-7
doi:10.2847/484064